






Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath  
Ollscoil Átha Cliath

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2013 -2014



[www.tcd.ie](http://www.tcd.ie)



## Ba iad seo baill Bhord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i rith na bliana acadúla 2013/14:

### Baill Ex-Officio

An Propast, an Dr Patrick Prendergast (Cathaoirleach)  
An Leas-Phropast/Príomhoifigeach Acadúil, an tOllamh Linda Hogan  
Léachtóir Sinsearach/Déan an Léinn Fochéime, an tOllamh Patrick Geoghegan  
Clárathóir, an tOllamh Shane Allwright  
Sparánaí/Stiúrthóir na Nuálaíochta Straitéisí, an tOllamh Gerard Lacey

### Comhaltaí agus Comhollaimh Thofa

An tOllamh Sean Barrett (2010-2014)  
An tOllamh Eileen Drew (2012-2016)  
An tOllamh Robert Gilligan (2010-2014)  
An tOllamh Nicola Marples (2010-2014)  
An tOllamh John McGilp (2012-2016)  
An tOllamh Cliona O'Farrelly (2012-2016)  
An tOllamh Micheál Ó Siochrú (2012-2016)  
An tOllamh Henry Rice (2010-2014)

### Foireann Acadúil Thofa nach Comhaltaí iad

An tOllamh Mélanie Bouroche (2010-2014)  
An tOllamh William Dowling (2012-2016)  
An tUasal Dermot Frost (2012-2016)  
An tOllamh Hugh Gibbons (2010-2014)  
An tOllamh Des O'Neill (2012-2016)

### Foireann Thofa Neamhadúil

An tUasal Fred Cowzer (2012-2016)  
An tUasal Gerard Garrahan (2013-2016)  
Shelia Dunphy Uasal (2010-2014)

### Ionadaithe na Mac Léinn

Uachtarán Aontas na nIarchéimithe, an tUasal Ryan Kenny (2013-2014)  
Uachtarán Aontas na Mac Léinn, an tUasal Tom Lenihan (2013-2014)  
Oifigeach Oideachais Aontas na Mac Léinn, an tUasal Jack Leahy (2013-2014)  
Oifigeach Leasa Aontas na Mac Léinn, an tUasal Stephen Garry (2013-2014)

### Baill sheachtracha

An Dr Olive Braiden, ainmnithe ag an gComhairle Ealaíon (2010-2014)  
An tUasal Jackie Gallagher, ainmnithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna (2010-2015)

### I Láthair Ex-Officio

An Rúnaí, an tUasal John Coman  
An Cisteoir, an tUasal Ian Mathews

Bíonn an Príomhoifigeach Oibriúcháin i láthair ag cruinnithe Boird  
Bíonn an Leas-Phropast do Chaidreamh Domhanda i láthair ag cruinnithe Boird

Tá taifead ar fhreastal ar chruinnithe Boird agus ar chostais Bhoird in Aguisín I agus II faoi seach

Tá an doiciméad seo ar fáil i bhformáid ilrochtana ach é a iarraidh (rphost:  
(**email: [communications@tcd.ie](mailto:communications@tcd.ie)**)





## CLÁR NA nÁBHAR

### Réamhrá ón bPropast

p.1

### Forbairtí Acadúla

#### 1. Forbairtí Acadúla

p.4

1.1 Rangú Ollscoile Domhanda

p.4

1.2 Cáilíocht

p.4

#### 2. Oideachas

p.5

2.1 Pobal na Tríonóide

p.5

2.2 Staitisticí Iontrála

p.5

2.3 Clár Rannpháirtíochta Thuaisceart Éireann

p.6

2.4 Scoláireachtaí

p.6

2.5 An Curaclam – Cúrsaí Nua

p.6

2.6 Bronnadh Céimeanna, Céad Onóracha agus Boinn Óir

p.7

2.7 Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide

p.7

2.8 Gradaim Theagaisc an Phropaist

p.8

2.9 Oideachas Ar Líne

p.8

#### 3. Taithí na Mac Léinn

p.9

3.1 Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn

p.9

3.2 Gnóthachtálacha Mac Léinn

p.9

#### 4. Gníomhaíochtaí Taighde

p.11

4.1 Téamaí Taighde

p.11

4.2 Maoiniú Taighde

p.11

4.3 Forbairtí Nua

p.12

4.4 Rathúlacht Scoláireachta agus Ghradaim

p.12

#### 5. Nuálaíocht agus Tráchtálú

p.15

5.1 Maoiniú Taighde

p.15

5.2 Maoin Intleachtúil

p.15

5.3 Fiontraíocht agus Nuálaíocht

p.15

5.4 Launchbox

p.15

#### 6. Acmhainní Daonna

p.16

6.1 Foireann an Choláiste

p.16

6.2 Ceapacháin Ollúna

p.16

6.3 Ceapacháin Riaracháin Shinsearacha

p.16

#### 7. Tionscnaimh Ollscoile agus Príomhimeachtaí

p.17

#### 8. Clár Forbartha Caipitil

p.20

8.1 Tionscadail Tugtha chun Críche

p.20

8.2 Tionscadail Tógála

p.21

8.3 Caomhnú Fuinnimh

p.22

#### 9. Tiomsú Airgid

p.23

#### 10. Staid Airgeadais

p.24

**Aguisín I:** Freastal baill an bhoird ar chruinnithe boird 2013/14

p.26

**Aguisín II:** Costais baill an bhoird 2013/14

p.26

**Aguisín III:** Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2014

p.27

**Aguisín IV:** An Clár Comhardaithe don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2014

p.28

## Tuarascáil Bhliantúil Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, 2013/14



### Réamhrá

Leagann an Tuarascáil Bhliantúil seo amach an seasamh atá ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus leagtar béim ar an méid atá bainte amach againn le linn na bliana acadúla 2013/14, bliain eile a bhí thar a bheith rathúil agus táirgiúil don Ollscoil. Áirítear na nithe seo a leanas i measc na bpríomhrudaí a baineadh amach:

### Mic Léinn

Leanann Coláiste na Tríonóide air ag mealladh mac léinn le hardchumas intleachta as áiteanna in Éirinn agus thar lear. Sa bhliain 2013, fuair Coláiste na Tríonóide 12% de na hiarratais chéad rogha i gcóras an CAO.

Is ionann rochtain ar oideachas Choláiste na Tríonóide do gach mac léinn cumasach agus gné thábhachtach den tacaíocht a thugaimid i leith thodhchaí na hÉireann. Bíonn deis ag daoine a thagann as grúpaí foghlama neamhthraidisiúnta, amhail daoine faoi mhíchumais, daoine atá ag staidéanna difriúla ina saol agus daoine a thagann as earnálacha atá faoi mhíbhuntáiste, tairbhe a bhaint as oideachas Choláiste na Tríonóide trí chlár ceannródaíochta, amhail Clár Rochtana na Tríonóide (TAP), mar shampla. Sa bhliain 2013, mic léinn neamhthraidisiúnta a líon 20% d'áiteanna iomlána an CAO.

Bhí Coláiste na Tríonóide chun tosaigh maidir le mic léinn a ghlacadh isteach in ollscoileanna agus rinneadh mórstaidéar féidearthachta chun tástáil a dhéanamh i dtaobh an bhfuil bealach níos cothroime agus níos fearr ann, seachas 'rás na bpointí', chun mic léinn a ghlacadh isteach sa tríú leibhéal. Is ionann an staidéar féidearthachta agus iarracht chun a

chinneadh, ar scála rialaithe go hiomlán, an mbeadh sé indéanta grúpa ilchineálach mac léinn a shainaithint agus a ghlacadh isteach, is é sin, grúpa atá díograiseach agus díocasach i leith an léinn, agus iad dúthachtach agus oiriúnach i leith na gcúrsaí a roghnaítear, agus cumas agus ionchas acadúil acu inspioráid a fháil ón gColáiste. Beidh an bealach nua chun glacadh le mic léinn nua á oibriú i gcomhpháirtíocht leis an CAO agus úsáidfeadh é chun mic léinn a ghlacadh isteach i dtrí chúrsa de chuid Choláiste na Tríonóide sna tréimhsí 2014/15 agus 2015/16.

Cuireadh tús le tionscnamh nua ceannródaíochta chun méadú a dhéanamh ar líon na mac léinn nua as Tuaisceart Éireann. Mar thoradh ar an laghdú atá tagtha le déanaí ar an líon mac léinn as Tuaisceart Éireann, d'fhógair Coláiste na Tríonóide staidéar féidearthachta chun teacht ar bhealach nua chun iarratasóirí A-Leibhéal as áiteanna ar fud an AE a ghlacadh isteach agus déanfar tástáil ina leith sin, sa chéad ásc, i gcás iarratasóirí as Tuaisceart Éireann.

Cuireadh tús leis an tionscnamh píolótach, Oideachas Ar Líne, sa tréimhse 2013/14. Tá Oideachas Ar Líne tábhachtach i dtaca le margaí nua a aimsiú, pobal Choláiste na Tríonóide a neartú, agus staid Choláiste na Tríonóide mar pháirtí tábhachtach san ardoideachas domhanda a chomhdhlúthú. Rinneadh an chéad chúrsa iarchéime de chuid Choláiste na Tríonóide a dhéantar go hiomlán ar líne, is é sin, an Diplóma i Staidéar Sóisialta Feidhmeach a sheoladh i Meitheamh 2014 agus beidh an cúrsa sin ag tosú i Meán Fómhair 2014. De bhreis air sin, chuaigh Coláiste na Tríonóide isteach i réimse spreagúil na MOOCanna (Ollchúrsaí Oscailte Ar Líne) nuair a seoladh 'Irish Lives in War and Revolution: Exploring Ireland's History 1912-1923' ar ardán FutureLearn. Chláraigh os cionn 18,000 duine don chúrsa agus níos mó ná an leathchuid díobh sin as áiteanna lasmuigh d'Éirinn. Léiríonn sé sin an ráchairt mhór dhomhanda ar thaighde agus ar fhoghlaim i gColáiste na Tríonóide.

Cuireadh tús le cúig chúrsa nua iarchéime nua agus le dhá chúrsa nua fochéime agus bronnadh céimeanna ar 4,555 mhac léinn le linn na bliana acadúla. Lean mic léinn orthu ag baint sult as 'Eispéireas na Tríonóide', a théann céim níos faide ná cúrsaí curaclaim amháin, a chuireann rogha leathan clubanna agus cumann ar fáil agus a ullmhaíonn mic léinn le haghaidh saoil ceannaireachta agus rannpháirtíochta poiblí.

## Tuarascáil Bhliantúil Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, 2013/14

### Taighde & Nuálaíocht

Príomhphointe de chuid na bliana ab ea seoladh Straitéise Nuálaíochta agus Fiontraíochta Choláiste na Tríonóide i mí na Samhna 2013. Sa straitéis sin, leagtar amach treoirphlean maidir le cur chuige athnuaite agus comhtháite i leith ábhair a meastar ina leith gur lártosaíocht do Choláiste na Tríonóide é sa tréimhse atá díreach romhainn - is é sin le rá, oideachas cuimsitheach nuálaíochta agus fiontraíochta a sholáthar don Ollscoil ina hiomláine. Mar bhonn agus mar thaca leis an straitéis, déanfar leathnú suntasach ar Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide, lena n-áirítear Ollamh nua le Staidéir Ghnó a cheapadh agus raon iomlán clár a bhaineann leis an réimse gnó a thairiscint ar an leibhéal fochéime, ar an leibhéal iarchéime agus ar leibhéal an oideachais feidhmiúcháin. Beidh Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide lonnaithe i bhfoirgneamh nua €70 milliún agus í suite in éineacht le Mol Nuálaíochta agus Fiontraíochta.

Mar chuid de chéim thosaigh chur i bhfeidhm na straitéise seo, áiríodh seoladh Oifige nua Comhpháirtíochta Corparáidí agus Malartaithe Eolais (OCPKE) ar pointe aonair idirghníomhaíochta é do chomhpháirtithe tionscail atá ann cheana féin agus a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Trí na feidhmeanna go léir atá riachtanach chun tacú le comhoibriú taighde agus le tráchtálú a lonnú in aon áit amháin, fóinfaidh OCPKE mar chonair dhíreach trína gcumasófar malartú eolais chuig an réimse tionscail agus, ar an dóigh sin, éascófar fíorchruthú fostaíochta agus imreofar tionchar ar gheilleagar na hÉireann.

I rith na bliana, fuair OCPKE 58 ndearbhú i leith maoinintleachtúla nuálaí a bhí cruthaithe ag taighdeoirí de chuid Choláiste na Tríonóide, chomhdaigh sí 23 iarratas nua ar phaitinní agus dheonaigh sí 30 ceadúnas tráchtálaíochta. Léirigh na figiúirí sin méadú an-mhór ar na figiúirí coibhéiseacha a bhí ann sa bhliain acadúil roimhe seo agus gnóthachtáil shuntasach a bhí ann. Ceadaiódh foirmiú ceithre cinn nua de Chuideachtaí Campas Choláiste na Tríonóide, rud a léiríonn méadú ar an mbéim atá á leagan ar cháilíocht agus ar inbhuanaitheacht.

D'éirigh thar barr le baill foirne Choláiste na Tríonóide i dtaca le gnóthachtálacha taighde de agus bronnadh gradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta orthu. Ba é a bhí i luach na ngradam nua taighde a fuarthas sa bhliain 2013/14 ná €67 milliún, rud a d'fhág go raibh luach iomlán na Punainne Taighde níos mó ná €480 milliún.

I gcomparáid le forais eile ardoideachais in Éirinn, fuair Coláiste na Tríonóide an méid is mó maoiniúcháin sa Seachtú Creatchlár de chuid an AE (FP7). Thar ré iomlán na gclár, tá

€90 milliún san iomlán faighte ag baill d'fhoireann acadúil Choláiste na Tríonóide i ndáil le taighde tábhachtach idirnáisiúnta agus i ndáil le nuálaíocht.

### Foireann

Ní féidir rath ollscoile, agus cur i gcrích a cuspóirí straitéiseacha, a bhaint amach gan a príomhacmhainn – is é sin, a foireann. Chun stádas na hOllscoile a choinneáil agus a fheabhsú, ní mór do Choláiste na Tríonóide daoine ardchaighdeán a earcú, a fhorbairt agus a choinneáil. Rinneadh deich gcinn de phróisis earcaíochta agus roghnúcháin idirnáisiúnta a thionscnamh maidir le poist mar Ollúna san Ollscoil agus bhí sé cinn d'fheachtais earcaíochta ann i ndáil le poist shinsearacha Riaracháin.

### Forbairt Chaipitiúil

Tá ag éirí go maith i gcónaí leis an gclár forbartha caipitiúla ar an gcampas. I measc na dtionscadal a críochnaíodh áiríodh an méid seo a leanas: athfheistiú Fhoirgneamh na Fiseolaíochta mar chóiríocht do Scoil Éacúiméinice na hÉireann agus Institiúid Loyola agus d'oscail an tAire Oideachais agus Scileanna an chóiríocht sin go hoifigiúil; áitreabh nua don Chlárlann Acadúil; agus Lárionad Glas Sonraí.



## Tuarascáil Bhliantúil Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, 2013/14

### Staid Airgeadais

I bhfianaise na gcúinsí deacra eacnamaíochta in Éirinn, go háirithe le blianta beaga anuas, bhí ar an Ollscoil déileáil le roinnt dúshlán agus leanann sí de bheith ag déileáil leis na dúshlán sin. Tá aghaidh le tabhairt fós, ar bhealach cuimsitheach, ar mhaoiniú an ardoideachais ar bhonn inbhuanaithe ach tá an Roinn Oideachais agus Scileanna chun tuarascáil a fhoilsiú, faoi dheireadh na bliana 2015, maidir le maoiniúchán fadtéarma inbhuanaithe d'ollscoileanna na hÉireann. Ó bhí an bhliain 2008 ann, tá laghdú 50% tagtha ar chrofdheontas athfhillteach na n-ollscoileanna agus tá fritháireamh páirteach déanta i leith thionchar an laghdaithe sin trí mhéadú ar an ranníocaíocht a ghearrtar ar mhic léinn agus trí laghdú ar rátaí pá de dheasca chomhaontuithe Bhóthar Haddington agus Pháirc an Chrócaigh.

Cé go leanann Coláiste na Tríonóide de bheith an-díograiseach agus réamhghníomhach maidir le bainistiú cúrsaí airgeadais, beidh cuid mhór dúshlán airgeadais le sárú aige amach anseo de bharr an bhrú ar chúrsaí airgeadais phoiblí. Leanann an Ollscoil de dhíriú ar réimsí tábhachtacha a bhaineann le giniúint ioncain neamh-Stáchtiste: mic léinn idirnáisiúnta, foghlaim ar líne, tráchtálú, éagsúlú taighde, rannpháirteachas an lucht tionscail agus daonchairdeas.

D'ainneoin na timpeallachta dúshlánaí sin, tá bainistiú maith déanta ag Coláiste na Tríonóide ar a ioncam agus, trína bhonn costais a bhainistiú go gníomhach trí leithroinntí buiséid lena ngabhann dreasachtaí a chur ar fáil agus trí shábháil airgid a bhaint amach i dtaca le cúrsaí soláthair de, tá sé tar éis a thaispeáint go raibh sé sách láidir ar fud thréimhse na géarchéime eacnamaíochta ón mbliain 2008 i leith.

### Stádas Idirnáisiúnta

Bhí Coláiste na Tríonóide rangaithe sa 61ú háit ar domhan agus san 18ú háit san Eoraip sna *QS World University Rankings 2013/14*, i dtaca leis na táscairí go léir de, agus bhí sé i measc an 50 ollscoil is fearr i gcás ceithre ábhar agus i measc an 100 ollscoil is fearr i gcás ocht réimse eile.

### Conclúid

Ní mór buíochas a ghabháil le foireann na hOllscoile ar fad, is é sin, na foirne acadúla, riaracháin agus tacaíochta, mar gheall ar an bpáirt a ghlac siad sa mhéid a bhain Coláiste na Tríonóide amach le linn na bliana 2013/14 – níorbh fhéidir an méid sin a dhéanamh gan a dtiomantas ar feadh na bliana.

Is mór againn freisin an tacaíocht atá faighte ón Taoiseach, ón Aire Oideachais agus Scileanna, ón Aire Sláinte, ón Aire Post, Fiontar & Nuálaíochta agus ón líon mór Airí Rialtais. Tá an Ollscoil go mór faoi chomaoin ag Bord agus ag Feidhmeannas Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide, ag an Udarás um Ard-Oideachas, ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, ag an mBord Taighde Sláinte, ag Comhairle Taighde na hÉireann agus ag go leor gníomhaireachtaí agus daoine aonair eile, idir phoiblí agus phríobháideach, a bhfuil tacaíocht tugtha acu don Ollscoil.





## GNÍOMHAÍOCHTAÍ OLLSCOILE

### 1. Forbairtí Acadúla

#### 1.1 Rangú Ollscoile Domhanda

Rangaítear Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath mar phríomhollscoil na hÉireann i Rangú Ollscoile Domhanda QS, Rangú Ollscoile Domhanda an Times Higher Education agus i Rangú Acadúil Ollscoileanna Domhanda, Shanghai.

I Rangú Ollscoile Domhanda QS 2013/2014 rangaítear Coláiste na Tríonóide sa 61ú háit ar domhan agus sa 18ú háit san Eoraip feadh gach táscaire, agus rangaithe i measc an phríomh 50 ollscoil i gceithre ábhar agus i measc an phríomh 100 ollscoil in 8 réimse eile. Áirítear i measc 50 príomhábhar an Choláiste an Béarla, Teanga agus Litríocht sa 25ú háit ar fud an domhain; Nuatheangacha sa 42ú háit, Polaitíocht agus Léann Idirnáisiúnta sa 46ú háit; agus Stair sa 48ú háit;

Tá an Coláiste rangaithe ag QS i measc an 100 ollscoil is fearr ar domhan i ngach ceann de 8 réimse: Cuntasáíocht & Airgeadas; na hEolaíochtaí Bitheacha; Eacnamaíocht & Eacnaiméadracht; Tíreolaíocht; DLí; Leigheas; Cógaisíocht & Cógaseolaíocht; agus Síceolaíocht.

Is é Coláiste na Tríonóide an ollscoil is fearr in Éirinn i ngach ceann de na hábhair sin bunaithe ar an suirbhé seo. Rinne Rangú Ollscoile Domhanda QS 2013 meastóireacht ar 3,002 ollscoil ar fud an domhain agus thug rangú do 689 foras in iomlán.

#### 1.2 Cáilíocht

Agus aitheantas aige ar fud an domhain mar ollscoil ina bhfuil teagasc agus taighde ar ardchaighdeán, tá oideachas Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath sainiúil sa mhéid is go bhfuil sé treoraithe ag an taighde agus dírithe ar mhic léinn. Tá an Coláiste tiomanta do shárcháilíocht a chéimeanna agus a iarchéimeanna agus a thaighde a choinneáil agus is cuid mhór dá neart é tiomantas fhoireann Choláiste na Tríonóide do na mic léinn.

Is onóir í bronnadh Comhaltachta a léiríonn cáilíocht eisceachtúil fhoireann acadúil an Choláiste. Is gnóthachtáil taighde nó scoláireacht den scoth an phríomhcháilíocht chun Comhaltacht a bhaint amach, chomh maith le fianaise go bhfuil rannchuidiú déanta ag an iarrthóir ar mhaithe le saol

acadúil an Choláiste, arna léiriú go háirithe trí rannpháirtíocht in obair a Roinne nó a D(h)áimhe agus taifead éifeachtach sa teagasc.

Fógraíodh ceathrar Comhalta déag, lena n-áiríodh triúr Comhalta Oinigh, Iarla Rosse, Brendan Parsons, bunaitheoir cuideachta champais Choláiste na Tríonóide, X Communications agus Ollamh Taca in Eolaíocht Ríomhaireachta, an Dr Marie Redmond, agus Propast Choláiste Oriel, Moira Wallace Uasal ar Luan na Tríonóide 2014.

In 2013/14, d'éascaigh an Oifig Cháilíochta athbhreithnithe cáilíochta ar Scoil na Matamaitice, agus ar Scoil na hOibre Sóisialta & an Pholasaí Shóisialta, Cóiríocht agus Lónadóireacht, Leigheas Comparáideach, Spórt agus Áineas, Taighde agus Nuálaíocht na Tríonóide agus athbhreithniú straitéiseach ar an togra d'Institiúid Míochaine Aistritheach na Tríonóide. Cuireann na tuarascálacha a eascraíonn as na hathbhreithnithe seo aiseolas tábhachtach ar fáil do na réimsí faoi athbhreithniú, agus don Choláiste, maidir le soláthar acadúil agus seirbhísí.

Lean Coláiste na Tríonóide de bheith rannpháirteach go gníomhach le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) agus le príomh-gheallsealbhóirí náisiúnta eile in 2013/2014. Bhí sé ina chathaoirleach ar Chumann Ollscoileanna Éireann (IUA) in 2014 agus chomhordaigh freagraí earnálacha ollscoile do roinnt comhairliúcháin QQI ar fhorbairt polasaithe agus nósanna imeachta chun an tAcht nua um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oilíúint) 2012 a chur i bhfeidhm.

Bhí Coláiste na Tríonóide rannpháirteach sa dara bliain de Shuirbhé na hÉireann maidir le Rannpháirtíocht Mac Léinn/Irish Survey of Student Engagement (ISSE) in 2013/14 agus tacaíonn sé i gcónaí leis an tionscnamh seo faoin *Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go dtí 2030*.

## 2. Oideachas

### 2.1 Pobal na Tríonóide

Is pobal scoláirí, lena n-áirítear mic léinn, foireann acadúil, agus foireann riaracháin é Coláiste na Tríonóide. Tá éagsúlacht i gcoilár shainiúlacht Choláiste na Tríonóide, agus meallann sé mic léinn agus foireann ó áiteanna ar fud an domhain, agus ó gach cineál cúlra agus tairí socheacnamaíochta.

Bhí 16,729 fochéimí agus iarchéimí cláraithe in iomlán in 2013/14. Díobh seo ba ó oileán na hÉireann thart ar 84.7%, as tíortha eile de chuid an AE 4.7%, as Meiriceá Thuaidh agus Láir 5% agus as áiteanna eile ar fud an domhain 5.7% (lena n-áirítear mic léinn ó thíortha Eorpacha nach tíortha an AE iad). In 2013/14, ba mhná iad 58% de na mic léinn agus ba fhir iad 42% díobh. Bhí 12,355 (nó 73.8%) de na mic léinn cláraithe ar chlár fhochéime, agus bhí 4,309 (25.8%), cláraithe ar chlár iarchéime agus 65 (0.4%) ar bhonnchúrsaí.

Tá gach cineál cúlra socheacnamaíochta agus aoisghrúpa ag na mic léinn. Le roinnt blianta anuas, d'ardaigh an Coláiste líon na n-áiteanna a chuirtear ar fáil do mhic léinn neamhthraidisiúnta, lena n-áirítear mic léinn atá faoi mhíchumas, agus mic léinn aibí. In 2013, ba mhic léinn neamhthraidisiúnta a líon 20% de líon na n-áiteanna ar fad ón CAO, agus ba mhic léinn aibí iad 25% díobh.



Sealbhóirí Dámhachtana Taispeántóirí Iontrála Dearbhail Ní Cathain, Florence Fanning, Rachael Bowe agus Eva Cooney as Meánscoil an Ghriánáin Mhuire, Baile Átha Luain, Contae na hIarmhí, leis an bPríomhoide Ionaid, Anne Beades

### 2.2 Staitisticí Iontrála

In 2013 fuair Coláiste na Tríonóide 7,919 (11.7%) iarratais chéadrogha i gcóras na Lár-Oifige Iontrála (CAO), laghdú beag ó 2012 nuair a bhí figiúr de 8,142 (12%) i gceist. As na 67,729 duine a rinne iarratas ar chúrsaí Leibhéal 8 in institiúidí ardoideachais na hÉireann tríd an chóras CAO in 2013, liostáil 18,161 Coláiste na Tríonóide do chúrsa tosaíochta amháin de chuid an CAO nó níos mó (27%), laghdú beag ar fhigiúir do 2012 nuair a bhí 18,995 (28%) i gceist. Tá an dara líon is airde iarratais chéadrogha sa tír ag Coláiste na Tríonóide, ach an líon is mó de chéadroghanna in aghaidh na n-áiteanna a bhí ar fáil.

Bronnadh 'Gradaim Taispeántóirí Iontrála' speisialta ar 463 mac léinn na chéad bliana. Fuair na mic léinn sin 560 pointe nó níos mó i scrúdú na hArdteistiméireachta nó i scrúdú dara leibhéal comhionann san AE. As an líon sin daoine, ba mhic léinn Ardteistiméireachta 421 díobh, ba mhic léinn A-leibhéal 30 díobh agus bhí cáilíocht eile ón AE ag 12 mac léinn eile díobh. Fágáil ar lár pointí bónaís do mhatamaitic san Ardteistiméireacht i ríomh na bpointí riachtanacha 560 ba chúis leis an laghdú suntasach ón mbliain roimhe (786).

Tá Coláiste na Tríonóide tar éis ról ceannaireachta a ghlacadh ar cheist iontrálacha ollscoile, mórstaidéar féidearthachta náisiúnta á feidhmiú féachaint an bhfuil meicníocht níos fearr agus níos córa chun mic léinn a scaoileadh isteach chuig oideachas tríú leibhéal ná an iontaoibh i 'rás na bpointí'. Cuireadh fiche is a cúig háit ar leataobh d'iontráil i Meán Fómhair 2014 i Staidéar Féidearthachta na Tríonóide in Iontrálacha ar thrí chúrsa: Dlí (10 n-áit), Stair (10 n-áit) agus Stair agus Cultúr Ársa agus Meánaoiseach (5 áit).

Agus córas iontrála iomlánaíoch á úsáid a oibríonn go rathúil go hidirnáisiúnta, tá an próiseas go hiomlán anaithnid, gan agallaimh nó teastais ó mhúinteoir, agus measann sé cumas acadúil an mhic léinn, a phoitéinseal agus a oiriúnacht don chúrsa. Trí Rangú Feidhmíochta Coibhéiseach (RPR) an iarrthóra a úsáid, breithníonn sé torthaí na hArdteistiméireachta agus an comhthéacs inar baineadh na torthaí amach. Déantar iarratasóirí a mheasúnú freisin ar bhonn ábhar forlíontacha, lena n-áirítear aiste. Is iarracht atá sa staidéar bonn eolais a chur faoi bheartas náisiúnta sa réimse seo agus tá Déan na nIontrálacha agus Cúnaimh Airgeadais ag Ollscoil Harvard, an Dr William R. Fitzsimmons, tar éis fáiltiú roimhe – 'teachtaireacht chumhachtach á seoladh gur féidir rud ar bith a bhaint amach trí obair chrua, lena n-áirítear iontráil chuig Coláiste na Tríonóide nó chuig ollscoil ar bith ar fud an domhain'.



### 2.3 Clár Rannpháirtíochta Thuaisceart Éireann

In Iúil 2014 sheol Coláiste na Tríonóide tionscnamh úrnua chun líon na mac léinn ó Thuaisceart Éireann a mhéadú. Mar fhreagra ar laghdú ar an líon daoine ó Thuaisceart Éireann le deireanaí, d'fhógair Coláiste na Tríonóide staidéar féidearthachta chun bealach nua a aimsiú le iarratasóirí A-Leibhéal ó ar fud an AE a scaoileadh isteach, a ndéanfar tástáil air ar dtús d'iarratasóirí ó Thuaisceart Éireann. I rith na bliana acadúla 2013/14 thug Coláiste na Tríonóide faoi Chlár Rannpháirtíochta Thuaisceart Éireann uailmhianach, cuairt á tabhairt ar scoileanna agus ar aontaí gairme ar fud Thuaisceart Éireann le ambasadóirí mic léinn ón líon mac léinn reatha, agus ag dul i dteagmháil an athuair le scoileanna, tuismitheoirí, múinteoirí agus alumni. Baineann an staidéar féidearthachta leas as an obair sin trí iarracht a dhéanamh fáil réidh le ceann de na bacainní is mó, nach ndéanann ach duine as gach ochtar mac léinn i dThuaisceart Éireann ceithre ábhar A-Leibhéal. Is í an aidhm líon na mac léinn a ghlahtar isteach ó Thuaisceart Éireann gach bliain a mhéadú faoi thrí, sa chaoi go mbeidh 8% de mhic léinn ag teacht ó Thuaisceart Éireann, misean stairiúil Choláiste na Tríonóide á athdhearbhú ar an mbealach seo mar ollscoil don oileán iomlán, mic léinn le cumas agus inniúlacht ó gach áit á mealladh aige.



Ag ceiliúradh a bheith tofa ina Scoláirí

### 2.4 Scoláireachtaí

Is institiúid de chuid an Choláiste í an Scoláireacht Fondúireachta a bhfuil stair fhada agus ardghradaim ag baint léi, agus is gné shainiúil í de shaol na mac léinn i gColáiste na Tríonóide. Tá scoláireacht i gColáiste na Tríonóide fós ar an ngradam fochéime is mó sa tír a mbaineann gradam leis, agus is gradam é gan amhras ar bith a chuidigh le naisc a mhair i bhfad a chothú idir go leor sárchéimithe agus an Coláiste. Ar cheann de phríomhchuspóirí Choláiste na Tríonóide tá dul sa tóir ar an sármhaitheas: tá institiúid na Scoláireachta ar cheann de na taispeántais inlámhsithe is mó díobh seo.

Sa bhliain acadúil 2013/14 bronnadh scoláireachtaí ar 100 mac léinn ar Luan na Tríonóide 2014. Ba í an chéad bhliain freisin í ina raibh an scrúdú oscailte do mhic léinn sinsearach chéadbhliana amháin.

Bhí na mic léinn a fuair na scoláireachtaí ionadaíoch ar gach dámh: Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta (23); Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta (30); Dámh na nEolaíochtaí Sláinte (35); agus Dámha Éagsúla (12).

### 2.5 An Churaclam – Cúrsaí Nua

Cuireadh tús leis na cúrsaí seo a leanas ag tús na bliana acadúla 2013/14:

#### Cúrsaí Fochéime

- BSc I dTeiripe Radaíochta i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Shingearpór
- Baitsiléir i gCumadóireacht Cheoil agus Baitsiléir i dTaibhiú Ceoil á thairiscint ag Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann agus na céimeanna á mbronnadh ag Ollscoil Bhaile Átha Cliath.

#### Cúrsaí Iarchéime

- M.Phil. i bhFiontraíocht Chruthaitheach agus Chultúrtha
- LL.M. i nDlí Maoine Intleachtúla Eorpach agus Idirnáisiúnta
- Máistir i dTaibhiú Ceoil
- M.F.A. i nDearadh Stáitse
- M.F.A. i Léiriú Amharclainne

## 2.6 Bronnadh Céimeanna, Céad Onóracha agus Boinn Óir



Johnny Giles, David Went, John Laver, Leila Doolan agus Jane Goodall a fuair Céimeanna Oinigh leis an bPropast, an Dr Patrick Prendergast, agus Sainsailéir na hOllscoile, Mary Robinson

Bronnadh 4,555 céim in iomlán (2,784 bunchéim agus 1,771 ardchéim) i 34 searmanas bronnta céime ar leith in 2013. Fuair ceithre chéad agus a naoi mac léinn onóracha den chéad ghrád sna scrúdaithe céime in 2013/14 agus bronnadh Bonn Óir ar 49 díobh seo.

Bhí bronnadh chéimeanna oinigh ann ag na searmanais bronnta céimeanna an 6 Nollaig 2013 agus an 27 Meitheamh 2014. Ag Bronnadh Céimeanna an Gheimhridh bronnadh céimeanna oinigh ar an bhfear spóirt agus tráchtair, Johnny Giles, ar shaineolaí domhanda ar shimpeansaithe, Jane Goodall, ar an scannánaí, Lelia Doolan, ar an bpríomhfhoghraí John Laver agus ar chathaoirleach Bhord an Irish Times Teo, David Went. Mar chomhartha ómóis do Nelson Mandela, ar bhronn an Ollscoil Céim Oinigh air in Aibreán 2000, bhí nóiméad ciúnais ag an searmanas agus cuireadh bratach na hOllscoile ar leathchrann.

Ar na daoine ar bronnadh céimeanna oinigh orthu ag Bronnadh Céimeanna an tSamhraidh bhí an mór-údar, Amos Oz, iar-CEO Intel, Craig Barrett, Dlíodóir agus Bunaitheoir Fhoras Ospise na hÉireann, Mary Redmond agus iar-Ollamh Fisice in Ábhair Orgánacha in Institiúid Teicneolaíochta Tokyo, Atsuo Fukuda.

Shínigh Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Institiúid Teicneolaíochta Shingepór comhaontú i nDeireadh Fómhair 2012 ag cur tús le comhpháirtíocht idir an dá institiúid agus le seoladh dhá chlár i bhFisiteiripe agus i dTeiripe Cheirde a thugann aitheantas

do na dioplómaí trí bliana sna disciplíní seo ó Pholaiteicnic Nanyang. Faoin gComhaontú tugann mic léinn clár bliana chun críche, ar chuid de staidéar agus/nó socrúcháin in Éirinn. Ar thabhairt chun críche an chlár bronntar céim ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar na mic léinn. Chláraigh an chéad chohórt mac léinn i Meán Fómhair 2012 agus bhaineadar céim amach i Meitheamh agus i Nollaig 2013. In 2014 leathnaíodh an chomhpháirtíocht le Teiripe Radaíochta a chur san áireamh agus cúrsa nua i Radagrafaíocht Dhiagnóiseach.

Lean an tAcadamh Nuálaíochta air, á reáchtáil i gcomhar ag Coláiste na Tríonóide, UCD agus Ollscoil na Ríona i mBéal Feirste, ag tairiscint oiliúna fiontraíochta agus nuálaíochta d'iarchéimithe, á spreagadh le tionchar eacnamaíoch agus sochaíoch a dtaighde a bhreithniú, agus lena n-eolas a aistriú isteach i dtáirgí, i seirbhísí agus i mbeartais. In Eanáir 2014 chuaigh an tAcadamh Nuálaíochta i bpáirt leis an nGailearaí Eolaíochta chun Saotharlann Aistrithe Smaointe 12 sheachtain a sheachadadh ar an téama 'aimsir aisteach'. Thug an clár, a bhí ar aon samhail le Idea Translation Lab de chuid Ollscoil Harvard, 30 fochéimí, ó gach dámh, tionscadail ghrúpa á gcur ar fáil, á spreagadh ag an eolaíocht, an ealaín agus dearadh – nascadh na dtionscadail sin ina dhiaidh sin le taispeántas an Ghailearaí Eolaíochtaí in Iúil.

Ó bunaíodh í in 2010 chruthaigh comhpháirtíocht Chomhghuaillíochta Nuálaíochta TCD-UCD ina spás intleachtúil, spreagúil a chuireann cruthaitheacht agus smaointeoireacht nuálaíoch chun cinn i measc iarchéimithe agus an phobail níos leithne. Bhí baint ag os cionn 400 mac léinn PhD ó raon disciplíní leis an Acadamh go dtí seo.

## 2.7 Clár Rochtana Choláiste na Tríonóide

Is réimse tionscnamh iad Cláir Rochtana Choláiste na Tríonóide (TAP) atá dírithe ar an ráta rannpháirtíochta ag oideachas tríú leibhéal a mhéadú i measc daoine fásta óga agus mic léinn aibí ó ghrúpaí socheacnamaíochta faoi ghannionadaíocht. Bunaíodh na cláir mar chuid de straitéis fhoriomlán chun dul i ngleic leis na rátaí ísle de mhic léinn ó ghrúpaí socheacnamaíochta áirithe a théann ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéal agus is léiriú iad ar mhisean sóisialta an Choláiste i mbun gnímh.

Tá rath leanúnach ar TAP de thoradh an líonra de chomhpháirtíochtaí tairbhíúla le scoileanna, coláistí breisoideachais, teaghligh, mic léinn, foireann Choláiste na Tríonóide, gnóthais, grúpaí pobail agus institiúidí ardoideachais eile, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Faigheann TAP maoiniú ón Údarás um Ard-Oideachas tríd an gCiste le haghaidh Tionscnaimh Straitéiseacha, ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó roinnt deontóirí aonair agus corparáideacha. Tacaíonn na cistí seo leis na tionscnaimh seo a leanas:

- Naisc Fhor-rochtana na Scoile agus an Phobail
- Cúrsaí Réamhullmúcháin Ollscoile: Aosaigh Óga agus Mic Léinn Aibí, TCD
- Na Cúrsaí Rannpháirtíochta sna Saorealaíona: TCD agus Coláistí Choiste Gairmoideachais Chathair Átha Cliath (CDVEC)
- An Clár um Dul Chun Cinn Iar-iontrála
- Taighde agus Measúnú.

Tugadh 259 iontrálaí isteach go Coláiste na Tríonóide trí Chláir Rochtana Choláiste na Tríonóide in 2013/14, méadú 11.2% ar an mbliain acadúil roimhe.

Agus nasc á dhéanamh le breis is 40 bunscoil agus meánscoil ar beag an traidisiún atá acu dul ar aghaidh chuig oideachas tríú leibhéal, thug TAP, i gcomhar le timpeall 30 roinn sa Choláiste, an deis do bhreis is 4,000 mac léinn, tuismitheoir agus múinteoir páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ar an gcampas le linn 2013/14, lena n-áirítear Cláir Scoláirí Matamaitice agus Eolaíochta le haghaidh daltaí an 6ú rang agus an Lá Leighis le haghaidh Daltaí na Sraithe Sóisearaí agus Scoileanna Samhraidh.

## 2.8 Gradaim Theagaisc an Phropaist



An Dr Louise Gallagher, Scoil an Altranais agus an Chnámhseachais agus an Dr Niamh Connolly, Scoil an Dlí, a fuair Dámhachtainí Teagaisc an Phropaist 2014 agus an Dr David Prendergast, Scoil an Dlí, a fuair an Dámhachtain Luathghairme

Is iad Gradaim Theagaisc an Phropaist príomh-mhodh an Choláiste chun aitheantas a thabhairt do bhaill foirne acadúla a rinne sáróbair ar son barr feabhais a bhaint amach i dteagasc sa Choláiste agus a chuireann an teagasc chun cinn mar ghníomhaíocht scolártha. Ar na daoine a fuair gradaim in 2014 bhí: an Dr Louise Gallagher, Scoil an Altranais agus an Chnámhseachais, an Dr Niamh Connolly, Scoil an Dlí, agus an Dr David Prendergast, Scoil an Dlí, a bhain an Dámhachtain Luathghairme. Tugadh aitheantas do na faighteoirí uile as a dtiomantas agus a ndíograis don sármhaitheas i dteagasc agus i bhfoghlaim.

## 2.9 Oideachas Ar Líne

Seoladh an clár píolótach in Oideachas Ar Líne, á threorú ag Déan Comhlach nua don Oideachas Ar Líne, an tOllamh Timothy Savage in 2013/14. Tá oideachas ar líne lárnach do dhul i ngleic le margáí nua, do neartú phobal na Tríonóide, agus do chomhdhlúthú seasamh na Tríonóide mar aisteoir criticiúil san ardoideachas domhanda. Tá sé d'aidhm ag an tionscnamh spreagúil seo rochtain a leathnú agus taithí mac léinn ar líne a chur ar fáil atá ag teacht le hoideachas Choláiste na Tríonóide atá treoraithe ag an taighde, bunaithe ar an déine acadúil, agus ag tógáil ar chultúr reatha na scoláireachta, na nuálaíochta agus na cruthaíochta.

Seoladh an chéad chúrsa iarchéime go hiomlán ar líne de chuid Choláiste na Tríonóide, an Diplóma sa Staidéar Sóisialach Feidhmeach, i Meitheamh 2014 a thosaigh i Meán Fómhair 2014. Tá an cúrsa deartha le rochtain a sholáthar dóibh siúd nach mbeadh in ann tabhairt faoin oideachas uathúil a chuireann Coláiste na Tríonóide ar fáil, murach é.

Chomh maith leis seo, chuaigh Coláiste na Tríonóide i ngleic le réimse spreagúil na MOOCanna le seoladh 'Irish Lives in War and Revolution: Exploring Ireland's History 1912-1923' ar ardán FutureLearn. Is iad an fhoireann ó Scoil na Staire agus na nDaonnachtaí, an tOllamh Ciaran Brady, an Dr Anne Dolan agus an Dr Ciarán Wallace a d'fhorbair an cúrsa ar líne sé seachtaine saor in aisce seo i gcomhar leis an aonad oideachais ar líne. Trí chuir chuige nuálaíochta, tugann an cúrsa tús eolais ar stair na hÉireann i gceann dá tréimhsí is suaite d'fhoghlaimoirí domhanda. Nuair a d'oscail an cúrsa don chlárú ag deireadh Lúnasa 2014, chláraigh 10,000 sna chéad chúpla lá. Chláraigh breis agus 18,000 don chúrsa, breis agus a leath acu sin ó lasmuigh d'Éirinn. Is léiriú é seo ar an móréileamh domhanda ar thaighde agus ar theagasc Choláiste na Tríonóide.

### 3. Taithí na Mac Léinn

Leathnaíonn 'Taithí Choláiste na Tríonóide' thar an curaclam amach agus cuimsíonn sé cúlra saibhir de chlubanna agus de chumainn mac léinn a ullmhaíonn mic léinn do shaol ceannaireachta agus rannpháirtíochta poiblí. Cuireann seirbhís oidí na mac léinn leis an éiteas pearsanta.

#### 3.1 Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn

Tá an tiomantas d'fhorbairt intleachtúil agus phearsanta na mac léinn uile i gcroílár gníomhaíochtaí an Choláiste. D'fhonn taithí na mac léinn a fheabhsú, cuireann Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn réimse leathan de sheirbhísí riaracháin agus tacaíochta ar fáil, lena n-áirítear Cóiríocht agus Lónadóireacht, Lárionad Sláinte na Mac Léinn, Seirbhísí Comhairleoireachta, an tSéiplíneacht, Seirbhísí Gairmthreoracha, Naíolann an Choláiste agus an Rannóg Spóirt agus Áineasa. Cinntíonn na seirbhísí seo go bhfreastalaítear ar leas na mac léinn, agus ar a bhforbairt shóisialta, chultúrtha agus mhothúcháin i mbealach cothromaithe agus iomlánaíoch.

#### 3.2 Gnóthachtálacha na Mac Léinn

I rith na bliana acadúla 2013/14, d'éirigh go maith le mic léinn agus le cumainn do mhic léinn ina lán réimsí.

Ainmníodh breis is 740 mac léinn as Coláiste na Tríonóide ar Rolla Onóra Dhéan na Mac Léinn, iad molta mar gheall ar ghníomhaíochtaí seachchuraclaim deonacha laistigh agus lasmuigh den Ollscoil. Tá sé d'aidhm ag an Rolla Onóra aitheantas a thabhairt d'fhoghlaim lasmuigh den seomra ranga, foghlaim a dhéanann mic léinn trí ghníomhaíocht dheonach sheach-churaclaim lena n-áirítear teagasc leanaí óga sa phobal, cumainn agus clubanna a reáchtáil, stocaireacht ar son an cheartaís, soláthairtí liachta do thíortha sa tríú domhan a eagrú, agus cuid mhór eile.

Bronnadh Gradaim Fulbright ar sheachtar mac léinn/iarchéimithe de chuid Choláiste na Tríonóide in 2014. Ó 1957 bronnann Rialtais na hÉireann agus na S.A. Gradaim Fulbright go bliantúil agus tugann deis do mhic léinn, do scoláirí agus do ghairmithe Éireannacha staidéar, léachtóireacht agus taighde a dhéanamh sna hOllscoileanna agus sna hinstiúidí is fearr ar fud na Stát Aontaithe.

Roghnaíodh triúr mac léinn ó Choláiste na Tríonóide as 400 iarratasóir le bheith rannpháirteach san Washington Ireland Program 2014. Chuir Hannah McCarthy, Jack Danahar agus Emlyn Gavin, mic léinn Dlí agus Gnó sa bhliain dheiridh, lena scileanna trí thaithí oibre, deis oideachais agus saoránacht theagmhálach trí intéirneacht ocht seachtaine i Washington.



Scoláirí Mná sa Teicneolaíocht de chuid Intel 2013 Romy Lynch, Ciara Maguire, Eleanor McSweeney, Claire Pentony agus Alison Hennessy

Bhain Ciara Maguire, Eleanor McSweeney agus Alison Hennessy scoláireachtaí Mná sa Teicneolaíocht de chuid Intel 2013. Tá sé d'aidhm ag an gclár scoláireachta glúin nua de mhná ardghnóthachtála a spreagadh chun tabhairt faoi dhúshlán gairme san eolaíocht agus sa teicneolaíocht.

Fuair cúigear mac léinn ó Choláiste na Tríonóide, Jack Hogan, Lara Cassidy, Shane McEntagart, Ríán Derrig agus Michael Gregg, Bonn Óir Bram Stoker ag Dámhachtainí Fochéime 2013 a bhfuil ardmheas air, an t-aon chlár dámhachtainí acadúla idirnáisiúnta pain-disciplíne a cheanglaíonn na mic léinn is fearr ar domhan sna heolaíochtaí, sna daonnachtaí, i ngnó agus sna healaíona cruthaitheacha. Bhain Coláiste na Tríonóide an líon is mó dámhachtainí foriomláine. Bhí an gradam uathúil ag Shane McEntagart freisin gur bhain sé dhá ghradam náisiúnta, sa chatagóir Teangacha agus Teangeolaíocht, agus sa chatagóir Eolaíocht Fisiciúil agus Matamaitice chomh maith.

Ar bhuaicphointí chumann na mac léinn i rith na bliana áiríodh:

Bronnadh Gradam an Aisteora is Fearr ar Fionn Foley ó na DU Players i nGradaim Drámaíochta Mac Léinn na hÉireann dá léiriú i 'Life in Our Blood'.

Tharraing Ceolfhoireann na Tríonóide aird mhór ag an leibhéal idirnáisiúnta agus náisiúnta, cur síos uirthi sna meáin dá leagan de cheol ó ealaíontóirí a bhfuil tóir orthu agus dá taispeántas ar an bPríomhardán ag féilte ceoil Forbidden Fruit agus Electric Picnic.

Bronnadh an líon is mó gradam ar mhic léinn ó Choláiste na Tríonóide dá rannchuidiú i saol agus i ngníomhaíochas beatha an mhic léinn i rith na bliana acadúla ag Gradaim Ghnóthachtála Mac Léinn na hÉireann (SAAI) 2014. D'aithin an searmanas bronnta, ar fhreastal an tUachtarán Michael D Higgins air, gnóthachtálacha mac léinn tríú leibhéal in Éirinn chun leasa a gcoláiste a bpobal agus a tíre. Ainmníodh mic léinn na Tríonóide i 17 gcatagóir dá rannchuidiú ar mhaithe le beatha an mhic léinn as 24 chatagóir ionchasacha, agus thugadar seacht ngradam abhaile leo.

Áiríodh orthu seo mac léinn Eolaíochta Sóisialta SS, Mark Walsh, a fuair gradam mar Ionadaí Ranga na Bliana agus Shauna Watson, mac léin Dlí agus Gnó SS, ar bronnadh Gradam Oifigeach Páirt-aimseartha na Bliana de chuid Aontas na Mac Léinn air dá bhliain ag eagrú feachtas TCDSU.

Bhain The University Times Foilseachán na Bliana agus bhain an mac léinn Siceolaíochta SF, Aisling Curtis Iriseoir na Bliana dá hailt a foilsíodh san The University Times. Ba é feachtas Leasa Aontas Mac Léinn Choláiste na Tríonóide 'TCDtalks' a bhain gradam 'Feachtas Meabhairshláinte na Bliana' á mbronnadh ag an Ionad Náisiúnta do Mheabhairshláinte na hÓige, Headstrong.

Fuair an mac léinn dlí SS Jack Cantillon agus mac léinn Leighis na 4ú bliana Claire Cullen an gradam d'Imeacht Carthanachta na Bliana ag an SAAI dá gcuid oibre ar Jailbreak14. Ba iad mic léinn leighis Choláiste na Tríonóide, Kyrill Chulak agus Salim Sebaoui, buaiteoirí foriomlána na himeachta carthanachta mac léinn bliantúla Jailbreak, Sydney á bhaint amach acu gan pingin a chaitheamh. Ghlac 38 foireann de chuid Choláiste na Tríonóide in iomlán páirt ann agus bhain breis agus €15,000 don charthanacht.

Bhuaigh An Cumann Gaelach 'Feachtas Gaeilge na Bliana' dá sáriarrachtaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud an champais. Dhá lá ina dhiaidh sin bhaineadar duais Ghlór na nGael don Chumann Mac Léinn Gaeilge is Fearr don dara bliain as a chéile. Bhain An Cumann Gaelach gradam freisin don Mhórchumann is Fearr agus don Chumann is Fearr ar Fad ag Gradaim Chumann na Bliana de chuid Lárchoiste na gCumann(CSC) agus bhain an Cathaoirleach, Niamh Ní Chróinín, gradam an Duine Aonair is Fearr dá ról sa chumann.

Bhain SoFIA, an Cumann do Ghnóthaí Idirnáisiúnta a bunaíodh in 2013 chun plé ar thaidhleoireacht agus ar ghnóthaí taidhleoireachta a chur chun cinn an Cumann Nua is Fearr ag gradaim Cumann CSC na bliana.

Bronnadh 18 Scoláireacht Spóirt de chuid Choláiste na Tríonóide in 2013/14, mar aitheantas ar ghnóthachtálacha na mac léinn ag leibhéal contae, cúige, náisiúnta agus idirnáisiúnta i dtír spóirt déag. Ar na faighteoirí bhí: Victoria Mullin (Lámhach Piostail Aeir), Prakash Vijayanath (Badmantan), Aisling Smith (Cadhc), Tom Brennan (Cadhc), Iomhar MacGiolla Phádraig (Cadhc), Scott Flanigan (Seoltóireacht), Ciarán McGahon (Sacar), Paul Coughlan (Iománaíocht), Jacinta Brady and Lucy Mulhall (Peil na mBan), Paul McPadden (Peil), Maria O'Sullivan (Harriers & Lúthchleasaíocht), Stephen Ludgate (Hacaí), Avril Dooley-O'Carroll (Hacaí na mBan), Anna-May Whelan (Hacaí na mBan), Sinéad Dolan (Rámhaíocht), Hannah McCarthy (Rámhaíocht) and Melanie Young (Seómharcaíocht Trí Lá).

Fuair Danny Sutcliffe, mac léinn 3ú bliana na hEolaíochta Sóisialta Eacnamaíochta Gnó agus imreoir GAA de chuid Choláiste na Tríonóide Gradam All Star Iománaíochta náisiúnta do shéasúr 2013 agus rinne mic léinn scoláireachta spóirt Choláiste na Tríonóide, Victoria Mullin agus Prakash Vijayanath ionadaíocht thar ceann a dtíortha sna Commonwealth Games i nGlaschú in 2014.

Bronnadh University Colours ar sheisear mac léinn in 2014. Bronntar Bándearg Choláiste na Tríonóide, atá leagtha amach chun teacht le Bánghorm Cambridge agus Gorm Dorcha Oxford, ar bhonn fiúntais aonair spóirt a mheasúnaítear go ginearálta i dtéarmaí scothfheidhmíochta an chlub, roghnúcháin ionadaíochta nó gnóthachtála seachtracha. Bronnadh Bándearg Choláiste na Tríonóide ar Aisling Smith (Cadhc), Ciarán O'Neill (Trampailín), Rebecca Woods (Harriers & Lúthchleasaíocht), Sam Mehigan (SárFhriosbaí), Brian du Toit and Patrick Lavelle (Rugbaí).



## 4. Gníomhaíochtaí Taighde

### 4.1 Téamaí Taighde

Aithnítear Coláiste na Tríonóide mar cheann de na hollscoileanna is fearr ar domhan maidir le líon ard taighde a dhéanamh. Tugann an taighde sin aghaidh ar cheisteanna lena mbaineann tábhacht domhanda sochaíoch agus eacnamaíochta. Tá straitéis taighde na hOllscoile bunaithe ar réimsí ildisciplíneacha a fhorbairt ina bhfuil mais chriticiúil taighdeoirí ar chaighdeán domhanda ag an gColáiste chun taighde a bheidh suntasach ar fud an domhain a sheachadadh.

I measc na dtéamaí taighde tosaíochta a bhfuil taighdeoirí Choláiste na Tríonóide ag tabhairt aghaidh orthu tá; dul in aois, naineolaíocht agus ábhair, teileachumarsáid, néareolaíocht, céannacht an duine, ailse, lánpháirteacht idirnáisiúnta, cleachtas na n-ealaíon cruthaitheach agus an sochaí uilechuimsitheach. Is ábhair iad sin a thugann aghaidh, ní hamháin ar cheisteanna is cúis imní láithreach agus fadtéarmach don sochaí ach tugann siad deis freisin d'fhorbairt eacnamaíochta amach anseo. Ciallaíonn tiomantas na hOllscoile i leith oideachais taighde-bhunaithe go bhfaigheann ár mic léinn taithí ar cheannairí ina ndisciplín, ar an eolas agus ar na smaointe is deireanaí, agus ar oideachas a leagann béim ar scileanna anailíse agus ar smaointeoireacht chruthaitheach, agus a thugann deis do mhic léinn raon leathan scileanna a fhorbairt trí dhul i mbun taighde pearsanta.

Tá an sármhaitheas sin sa taighde mar bhonn taca ag straitéis Choláiste na Tríonóide maidir le Nuálaíocht agus Fiontraíocht. Is gné lárnach é an taighde chun smaointe nua réabacha a bheidh mar bhonn taca ag gnólachtaí inbhuanaithe amach anseo. Tá an t-eolas a chruthaíonn Coláiste na Tríonóide ríthábhachtach d'fhorbairt eacnamaíoch na hÉireann mar atá sé d' oideachas atá á thairiscint do na mic léinn.

Faigheann téamaí taighde Choláiste na Tríonóide tacaíocht ó shraith institiúidí taighde a chuireann an t-infrastruchtúr is gá chun tacú le taighde ildisciplíneach ar fáil chomh maith le caidreamh a bheidh acu le comhpháirtithe sóisialta agus fiontair a oibríonn i gcomhar le 24 scoil Choláiste na Tríonóide.

Tá príomhról ag Coláiste na Tríonóide i roinnt mórstaidéar fadaimseartha náisiúnta, lena n-áirítear taighde leanaí agus aosú, agus óstálann sé ionaid náisiúnta do chomhábhar meabhrach, naineolaíocht

agus taighde cumarsáide arna tacú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) ar an gcampas. Tá mór-institiúidí taighde Choláiste na Tríonóide i réimsí mar néareolaíocht, eolaíochtaí bithleighis agus na healaíona agus na daonnachtaí bunaithe go daingean i measc ceannairí idirnáisiúnta ina réimsí. Tá Coláiste na Tríonóide bainteach go gníomhach le fiontair taighde chomhoibríoch náisiúnta shuntasacha mar an tIonad Taighde Digiteach Náisiúnta (NDRC), Míochaine Mhóilíneach Éireann (MMI) agus an Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bhithphróiseála (NIBRT).

### 4.2 Maoiniú Taighde

Mhéadaigh caiteachas taighde de 10% go €87 milliún in 2013/14, rud a léirigh rathúlacht na hollscoile i ngradaim nua a fháil thar na blianta atá caite, go háirithe ón SFI agus ón AE. B'ionann luach na ngradam nua a ndeachaigh siad i bpáirt leo sa bhliain 2013/14 agus €67 milliún, rud a thug luach iomlán na Punainne Taighde go breis agus €480 milliún.

Tá an meán-ranníocaíocht i leith chostais indíreacha ó ghníomhaíochtaí taighde de 18% fós faoi bhun an chostais iomláin eacnamaíochta atá ar an taighde a reáchtáil agus mar thoradh air seo bíonn gá an croíbhuiséad a úsáid chun fóirdheonú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht taighde. Níl an staid sin inbhuanaithe.

Bhí 1,572 cuntas gníomhach taighde ann agus thacaigh gníomhaíocht taighde le 1,400 duine sa bhliain 2013/14.

Foinse Maoinithe do Thaighde	Bliain dar críoch 30 M.F. 2014
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	35%
Fiontraíocht Éireann	5%
An tÚdarás um Ard-Oideachas	6%
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn	6%
Coimisiún na gComhphobal Eorpach	20%
Eile	28%

<sup>1</sup>De réir an Leabhair Ghlais

Bronnadh níos mó maoinithe ar Choláiste na Tríonóide thar aon institiúid ardoideachais in Éirinn sa Seachtú Creatchlár AE (FP7). Fuair acadóirí Choláiste na Tríonóide €90 milliún in iomlán do phríomhnuálaíocht agus taighde thar achar iomlán an chláir. Ar bhuaicphointí taighde FP7 Choláiste na Tríonóide áirítear: trialacha cliniúla do chóireáil nua an Ghalair Alzheimer; nanábhair a fhorbairt do stóráil fuinnimh éifeachtach; agus taighde ceannródaíoch i Stair Meánaoiseach agus Nua-aimseartha na hEorpa

### 4.3 Forbairtí Nua

Ba bhuaicphointe suntasach ar leith i rith na bliana é seoladh Straitéise Fiontraíochta agus Nuálaíochta Choláiste na Tríonóide i Samhain 2013. Leagann an straitéis amach treoirphlean do chur chuige comhtháite agus athnuaithe i leith an ruda a bhreathnaítear air mar thosaíocht lárnach do Choláiste na Tríonóide sa neastodhchaí – is é sin soláthar oideachais fiontraíochta agus nuálaíochta cuimsithigh don Ollscoil ina iomlán. Cuirfead bonntaca faoin straitéis seo ag leathnú suntasach ar Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide, lena n-áirítear ceapachán Ollamh nua Staidéar Gnó, agus raon iomlán cláir bainteach le gnó á dtairiscint ag leibhéal oideachais fochéime, iarchéime agus feidhmeannaigh. Beidh Scoil Ghnó Choláiste na Tríonóide lonnaithe i bhfoirgneamh nua €70 milliún, ar aon láthair le Mol Fiontraíochta agus Nuálaíochta.

Áiríodh i gcéim thosaigh feidhmithe na straitéise seo seoladh, i Márta 2014, Oifige nua Comhpháirtíochta Corparáidí agus Malairte Faisnéise (OCPKE), pointe aonair idirghníomhaíochta do chomhpháirtithe tionscail reatha agus ionchasacha. Agus na feidhmeanna go léir atá riachtanach chun tacú le comhoibriú i dtaighde agus tráchtálú lonnaithe ann, feidhmíonn OCPKE mar phárlíne dhíreach a chumasaíonn aistriú eolais go dtí an tionscal, fíorchruthú jabanna agus tionchar ar gheilleagar na hÉireann á n-éascú dá réir.

Bhí Nuálaíocht agus Fiontraíocht lárnach d'fhealsúnacht Choláiste na Tríonóide le deich mbliana anuas, agus léiríonn an Mol Fiontraíochta agus Nuálaíochta nua mar aon leis an OCPKE sampla soiléir d'iarrachtaí leanúnacha Choláiste na Tríonóide cultúr nuálaíochta agus fiontraíochta a neadú i measc na foirne acadúla agus na mac léinn. Leanfaidh siad orthu ag cothú na luachanna seo go himheánach chun rannchuidiú Choláiste na Tríonóide d'éiceachóras nuálaíochta a bhfuil rath air in



Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide

Éirinn a fhorbairt agus a choinneáil, lena n-áirítear tacaíocht do chruthú breis agus 160 cuideachta nuabhunaithe thar na chéad trí bliana eile.

D'fhoilsigh Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide (TBSI) a céad tuarascáil ar dhul chun cinn i Meitheamh 2014 a léirigh ó uair a hoscailte in 2011 gur chruthaigh an Institiúid 119 jab agus go ndeachaigh sí i bpáirt le 76 cuideachta chun taighde ceannródaíoch a dhéanamh i gcuid de dhúshlán sláinte na sochaí is suntasaí. Sa tréimhse a clúdaíodh sa tuarascáil seo (Eanáir 2012 – Bealtaine 2014), thiomsaigh an Institiúid freisin €36 milliún i maoiniú taighde idirdhisciplíne, bhunaigh ceangail láidre le hInstitiúid Mhic Con Mí UCD faoin gComhghuaillíocht Nuálaíochta, agus bhunaigh trí mhac-chuideachta a bhaineann le fionnachtain agus forbairt drugaí, agus cóireáil don ailse - Opsona Therapeutics, Trino Therapeutics agus TriMod.

### 4.4 Rathúlacht Scoláireachtaí agus Gradaim

Lean comhaltaí foirne Choláiste na Tríonóide orthu ag baint amach barr feabhais ina ngnóthachtálacha taighde agus bhain siad amach gradaim náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ar na gradaim a bhain taighdeoirí Choláiste na Tríonóide amach áirítear iad seo a leanas:

Chláraigh Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) cúigear ball d'acadóirí Choláiste na Tríonóide ina gcomhaltaí nua in 2014: an tOllamh Andrew Bowie, Ollamh le hImdhíoneolaíocht; an tOllamh Ciaran Brady, Ollamh le Nua-Stair Luath agus Scríobh na Staire; an tOllamh Padraic Fallon, Ollamh le hImdhíoneolaíocht Aistritheach; An tOllamh Rose Anne Kenny, Ollamh le Míochaine Geiriatrach; agus an tOllamh Mani Ramaswami, Ollamh le Néaraigéineolaíocht. Is í an onoir acadúil is airde in Éirinn go dtoghfaí duine ar an RIA agus is aitheantas poiblí é ar ghnóthachtáil acadúil.



Baill nua as Coláiste na Tríonóide d'Acadamh Ríoga na hÉireann Ciaran Brady, Mani Ramaswami, Rose Anne Kenny, Padraic Fallon agus Andrew Bowie, leis an bPropast, an Dr Patrick Prendergast

Ba é an tOllamh Shane O'Mara, Ollamh le Taighde Inchinne Turgnamhach ag Institiúid Naineolaíochta Choláiste na Tríonóide an chéad duine in Éirinn a fuair Gradam Imscrúdaitheora Sinsearach faoi Chomhpháirtíocht Fondúireachta Eolaíochta Éireann, an Bord Taighde Sláinte agus Wellcome Trust Biomedical, a mhaoiníonn taighde cliniciúil agus bithleighis i bPoblacht na hÉireann. Tugadh Comhdhámhachtain de €2.2 milliún, thar thréimhse sé bliana, don Ollamh O'Mara agus don Ollamh John Aggleton ó Ollscoil Caerdydd dá dtionscadal 'The Cognitive Thalamus: More than a relay' bainteach leis an gcaoi ar féidir leis an inchinn tacú le feidhm chuimhne.

Bhronn Uachtarán na hÉireann Gradam Uachtarán na hÉireann SFI don Taighdeoir Óg (PIYRA) ar bheirt taighdeoir, an tOllamh Valeria Nicolosi ón Ionad Taighde BithInnealtóireachta agus Ardábhar (AMBER) agus Scoileanna na Fisice agus Ceimice, agus an Dr. Matthew Campbell ó Institiúid Géineolaíochta ag Áras an Uachtaráin i Márta 2014. Tá PIYRA ar cheann de na gradaim SFI is mó go bhfuil meas air do thaighdeoirí a chruthaigh go sármaith mar cheannairí todhchaí ionchasacha i dtaighde idirnáisiúnta agus a bhfuil aitheantas orthu dá sármaithreas ina réimsí ar leith.

Roghnaíodh beirt eolaí ó Choláiste na Tríonóide do Liosta 2014 Reuters de na hIntinní Eolaíochta is Mó Tionchair ar Domhan. Tá Luke O'Neill, Ollamh le Bithcheimic, Scoil na Bithcheimice agus na hImdhíoneolaíochta in Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide (TBSI) agus Jonathan Coleman, Ollamh le Fisic Cheimiceach i Scoil na Fisice ar láithreán gréasáin Thomson Reuters de Thaighdeoirí Ardluaithe agus sa tuarascáil *Intinní Eolaíochta is Mó Tionchair an Domhain 2014*. Roghnaíodh iad le cur le 3,000 údar ó mhórhimpeall an domhain i dtiomsúchán nua Thomson Reuter d'ainmneacha ag a bhfuil tionchar san

eolaíocht. Beidh na hOllúna O'Neill agus Coleman i dteannta gan ach seachtar eolaí Éireannacha eile ar an liosta cáiliúil seo d'údair a rangáionn i measc an 1% is fearr de na húdair is mó atá luaite dá réimse ábhair agus don bhliain fhoilsithe (2002 agus 2012).

Bhí Coláiste na Tríonóide i dtús cadhnaíochta i mbaint amach an chéad ghradam maoinithe d'Éirinn faoi Horizon 2020, Creatchlár nua an AE um Thaighde agus Nuálaíocht i Meitheamh 2014 nuair a deonaíodh dámhachtain de €175,000 don TBSI le Discover Research Dublin a óstáil i Meán Fómhair 2014 agus 2015. Tugann Discover Research Dublin, taispeántas de ghníomhaíochtaí taighde, cuireadh don phobal caidreamh a bheith acu le domhan an taighde i gclár eachtrach áit a gcuireann taighdeoirí treoracha raon leathan léiriúcháin agus gníomhaíochtaí teagmhálacha ar fáil ina saotharlanna, a cheadaíonn fionnachtain, ceisteanna agus rannpháirtíocht lucht féachana.

Bhí breis agus 50 imeacht agus léiriú idirghníomhach, spleodrach agus saor in aisce ar oscailt don phobal ar Oíche na dTaighdeoirí Eorpacha i Meán Fómhair in 2014. Á chomhordú ag Coláiste na Tríonóide i gcomhar le Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, sheol an tAire Sláinte, Leo Varadkar an imeacht le hOllamh na hImdhíoneolaíochta Comparáidí, Cliona O'Farrelly, a bhí chun tosaigh sa tairiscint go mbeadh Coláiste na Tríonóide ina óstach do rannchuidiú na hÉireann don tionscnamh seo ar fud an AE.

Fuair staidéar nua á threorú ag taighdeoirí ó Scoil an Leighis deontas suntasach de €300,000 ón gCiste Taighde Ailse Domhanda a bhfuil ardmheas air chun fiosrú a dhéanamh ar cén fáth a gcuireann murtall le hionsaitheacht ailse phróstataigh agus chun féachaint an féidir le clár simplí cleachtaidh feabhas a chur ar cháilíocht na beatha agus fad a chur le fadsaoil d'othair ailse phróstataigh aibithe.

Bronnadh Deontais Taighde Imscrúdaithe Tosaigh nó Gradaim Fhorbartha Gairme ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar chúigear taighdeoirí óga chun cuidiú lena n-aistriú chun a bheith ina dtaighdeoirí lán-neamhspleácha. Ba iad seo buaiteoirí an ghradaim ó Choláiste na Tríonóide a fuair €2.85 milliún in iomlán: Ollamh Cúnta Ussher i mBitheolaíocht Ailse, an Dr David Finlay, an Comhalta Taighde sa Bhithcheimic, an Dr Annie Curtis, agus an Comhalta Taighde san Imdhíoneolaíocht, an Dr Frederick Sheedy, (tagann an triúr acu ó Scoil na Bithcheimice agus na hImdhíoneolaíochta) Ollamh Cúnta sa Cheimic, an Dr Paula Colavita (Scoil na Ceimice), agus Ollamh Cúnta Ussher sna Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha, an Dr Rachel McDonnell (Scoil na Ríomhaireachta agus Staitisticí).



Rinneadh ridire de John Pethica FRS FREng, Ollamh Taighde i Scoil na Fisice agus duine de stiúirtheoirí bunaidh an Ionaid Taighde ar Nanastruchtúir agus ar Nainfhearais Oiriúnaitheacha (CRANN) i liosta Onóracha Lá Breithe na Banríona 2014 do sheirbhísí ar son na heolaíochta.

Bhain an tOllamh le hImdhíoneolaíocht Turgnamhach, Kingston Mills, gradam 'Eolaí Saotharlainne na Bliana' ag searmanas tionscnaimh Ghradam Saotharlainne na hÉireann i Nollaig 2013. Tugadh onóir freisin dá Ghrúpa Taighde ar Rialú Imdhíoneolaíochta leis na teidil 'Saotharlann Taighde na Bliana', Saotharlann Bhitheolaíochta na Bliana', agus an teideal foriomlán de 'Saotharlann na Bliana' i leagan eolaíoch na hÉireann de na Oscars.

Fuair an Dr Pádraic Whyte, Ollamh Cúnta le Béarla maoiniú le bunachar sonraí a fhorbairt ar Bhailiúchán Náisiúnta Leabhar do Pháistí agus le cuidiú chun Baile Átha Cliath a bhunú mar ionad domhanda do thaighde ar litríocht do pháistí. Bronnadh mórdheontas Chomhairle Thaighde na hÉireann de bhreis is €350,000 ar an Dr Whyte agus ar a chomhghleacaí an Dr Keith O'Sullivan, Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, chun tionscadal leabhar na bpáistí a fhorbairt. Beidh scrúdú ar bhailiúcháin leabhar do pháistí i gcathair Bhaile Átha Cliath i gceist sa tionscadal idirdhisciplíne agus idirinstiúide seo.



Robbie an Róbat

Nochtadh Robbie an Róbat, fréamhshamhail róbait a tógadh i gColáiste na Tríonóide don déagóir as Corcaigh, Joanne O'Riordan, a rugadh gan ghéaga de bharr reachta annaimh ar a dtugtar *Total Amelia*, i Márta 2014. Agus é deartha chun freastal ar riachtanais uile Joanne, is féidir le Robbie cromadh agus rudaí a phiocadh suas, súil a chaochaíl, meanga gáire a dhéanamh agus roic a bheith ina mhaláí. In Aibreán 2012 labhair Joanne le toscairí ag an gceiliúradh International *Telecommunication Union's (ITU) 'Girls in ICT Day'* i Nua Eabhrach agus thug dúshlán go dtógfadh duine éigin róbat di. Ghlac an tOllamh Cúnta Kevin Kelly i Scoil na hInnealtóireachta agus a fhoireann leis an dúshlán. A bhuíochas de bhronntanas flaitiúil €50,000 ón ITU, thóg an fhoireann fréamhshamhail de róbat daonnóideach. Cuireadh Robbie in aithne do Rúnaí Ginearálta gníomhaireachta speisialta na Náisiún Aontaithe d'eolas agus do theicneolaíochtaí cumarsáide, an Dr Hamadoun I. Touré, ag imeacht i gColáiste na Tríonóide agus bronnadh Gradam Nuálaíochta Teicneolaíochta 2014 ar an bhfoireann dearaidh ag Gradaim bhliantúil Shármhaitheasa Innealtóirí Éireann.

Bhain acmhainn nua chun cuidiú le daoine óga a bhfuil tinnis fhadtéarmacha orthu an t-aistriú go dtí seirbhísí sláinte d'aoisigh a dhéanamh, a forbraíodh i Scoil an Altranais agus an Chnámhseachais, mórghradam cúraim sláinte don Tionscadal is Fearr in Ospidéal ag Dámhachtainí Litearthachta Crystal Clear MSD 2014. D'fhorbair taighdeoirí ó Choláiste na Tríonóide an láithreán gréasáin *SteppingUp.ie*, maoinithe ag an mBord Taighde Sláinte, i gcomhpháirtíocht le daoine óga a raibh tinnis fhadtéarmacha orthu, mar fhiobrós chisteach, diaibéiteas Chineál 2 agus galar croí ón mbroinn.

Bronnadh Gradam Sármhaitheasa Teicneolaíochta Náisiúnta 2014 ar Ionad Sonraí Glasa Choláiste na Tríonóide. Agus an bealach chun cinn in éifeachtúlacht fuinnimh á threorú aige, ailíníonn an tIonad príomhchuspóirí mar infrastructúr cumasaithe lárnach a sholáthar le 'Clár Glas' na hOllscoile chun néal príobháideach éifeachtach fuinnimh a sholáthar don todhchaí atá lárnaithe, a bhfuil ard-infhaighteachta aige agus atá inscálaithe chun riachtanais ghnó a mheaitseáil. Tá inbhuanaitheacht agus laghdú carbóin i lár straitéisí todhchaí Choláiste na Tríonóide. Agus é seo in intinn dhearbhaigh Coláiste na Tríonóide gur sampla de sháréifeacht fuinnimh Domhanda a bhí ina shaoráid nua.

## 5. Nuálaíocht agus Tráchtáil

Spreagann agus bainistíonn Nuálaíocht & Taighde Choláiste na Tríonóide (TR&I) an comhéadan idir taighdeoirí Choláiste na Tríonóide, gníomhaireachtaí maoinithe agus tionscail tríd an Oifig Forbartha Taighde, Oifig na gConarthaí, Oifig na gComhpháirtíochta Corparáidí agus Malartaithe Faisnéise, agus an Oifig Fiontraíochta.

Ar cheann de phríomhghnéithe Straitéise Fiontraíochta agus Nuálaíochta Choláiste na Tríonóide a seoladh i Samhain 2013, mar a bhfuil cur síos air thuas, bhí bunú Oifig na Comhpháirtíochta Corparáidí agus Malairte Eolais (OCPKE) i Márta 2014 chun rannpháirtíocht mhéadaithe le tionscal a éascú. Is é sainordú OCPKE Straitéis Rannpháirtíochta Tionscail nua Choláiste na Tríonóide a chur i bhfeidhm anuas ar fheidhmeanna na hoifige aistrithe teicneolaíochta (TTO) atá ann cheana, ar fheidhmeanna bainistíochta agus saothraithe tráchtála iomchuí den Mhaoin Intleachtúil (IP) taighde-dhíorthaithe iad, agus cruthú cuideachtaí campais a chothú.

### 5.1 Maoiniú Taighde

I rith na bliana acadúla 2013/14, thacaigh an Oifig Forbartha Taighde le 1,175 iarratas ar thaighde maoinithe lenar bhain luach beagnach €432 milliún.

Sa tréimhse chéanna, bronnadh 598 conradh nua taighde ar Choláiste na Tríonóide ar luach iomlán €66.3 milliún, agus bhronn Coláiste na Tríonóide 218 conradh (luach €15.7 milliún) d'aonáin sheachtracha.

### 5.2 Maoin Intleachtúil

Fuair an OCPKE 58 nochtadh maoiníochta nua arna gcruthú ag taighdeoirí Choláiste na Tríonóide, rinne 23 iarratas nua paitinn a chomhdú agus dheonaigh 30 ceadúnas tráchtálaithe. Léiríonn na figiúirí seo méadú nach beag ar fhigiúirí coibhéseacha don bhliain acadúil 2012/13 agus léiríonn gnóthachtáil shuntasach. Faomhadh foirmiú ceithre Chuideachta Campais nua Choláiste na Tríonóide, béim bhreise á léiriú ar cháilíocht agus ar inbhuanaitheacht.

### 5.3 Fiontraíocht agus Nuálaíocht

Chuir an Rannóg Fiontraíochta Clár struchtúrtha Fiontraíochta ar fáil do mhic léinn iarchéime agus do thaighdeoirí ó 12 Scoil éagsúil, agus chuir tacaíocht, comhairle agus meantóireacht ar fáil do 36 mac léinn agus céimí de chuid Choláiste na Tríonóide a raibh tionscadail nua cuideachta nuálaíochta acu.

### 5.4 Launchbox

Thug LaunchBox, gorrann mac léinn Choláiste na Tríonóide, a dara bliain chun críche in 2014 agus tá 37 alumni anois aici. Chruthaigh sé a bheith ina chlár luasaire thar a bheith rathúil d'fhiontraithe atá ag tosú amach: fuair breis agus 50% de chuideachtaí LaunchBox infheistíocht leanúint ar aghaidh agus breis agus €0.5 milliún faighte in iomlán faoi dheireadh 2014. Tá breis agus scór duine fostaithe anois ag cuideachtaí LaunchBox.

Rinne Innéacs Gorrainne Gnó Ollscoile (UBI) measúnú ar LaunchBox mar 'Top Challenger', á chur lasmuigh ar éigin den 'Top 25' an domhain as 800 gorrann a mheas an tInnéacs go hoibiachtúil.

Tacaíonn an ghorlann le fiontraithe trí sholáthar oiliúna, sainchomhairle, ciste síl agus rochtain ar an spás agus ar na saoráidí is gá leis na fiontair nua a thástáil agus a sheoladh. Tairgeann sé comhcheangal nuálaíoch de chleachtas agus oideachas faoi threoir 'Aingil' Choláiste na Tríonóide, líonra fiontraithe agus saineolaithe gnó comhdhéanta d'alumni agus de chairde na Tríonóide.

Shínigh foireann amháin, TouchTech Payments, a mbíodh Wave air roimhe seo, comhaontú infheistíochta €50,000 le hinfheisteoir le cuidiú chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a smaoineamh gnó chun córas a dheardh a cheadaíonn do dhaoine íoc as táirgí trína bhfoin phóca a bhualadh go héadrom lena gcártaí creidmheasa nó dochair. Thiomsaigh an fiontar sóisialta *Foodcloud* €70,000 ó infheisteoirí gairmiúla agus tá siad tar éis mórbheart a dhéanamh le Tesco. Anuas air sin thiomsaigh an córas Bainistithe Imeachta/Grúpa Hive €50,000 maoiniú síl ó Fhiontraíocht Éireann agus €100,000 ó Dragon's Den RTÉ, agus fuair *Artomatix*, a fhorbraíonn uirlisí do chruthú meán digiteach a uathobriú, €100,000 i maoiniú fiontair.

	2012/13	2013/14
Foirm nochtadh aireagáin	48	58
Paitinní	16	23
Ceadúnais	9	30
Cuideachtaí Campais nó Mac-Chuideachtaí	5	4



## 6. Acmhainní Daonna

Tacaíonn feidhm Acmhainní Daonna Choláiste na Tríonóide leis an gColáiste a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach trí earcú, coinneáil agus forbairt daoine den chéad scoth. Ba fhreagra é an straitéis Acmhainní Daonna ‘Excelling Together’ a seoladh in 2014 ó fheidhm Acmhainní Daonna Choláiste na Tríonóide ar an Straitéis Choláiste nua 2014-2019. Tá sé scríofa ón bpeirspictíocht gur comhpháirtí straitéiseach don Ollscoil í an fheidhm Acmhainní Daonna.

### 6.1 Foireann an Choláiste

Dhéileáil an Rannóg Earcaíochta agus Conarthaí le ceapacháin thar an raon iomlán gníomhaíochta sa Choláiste, ó Ollúnachtaí, ceapacháin acadúla agus Léachtóirí-Comhairleacha Sinsearacha go baill foirne den ghrád feidhmiúcháin, riaracháin agus teicniúil, lena áiríodh ceapacháin in aonaid tacaíochta acadúla, saoráidí agus seirbhísí do mhic léinn. Rinneadh bainistíocht ar dhá chéad daichead is a naoi comórtas earcaíochta chun 249 post a líonadh, méadú 34 ón mbliain acadúil roimhe sin. Líonadh 244 phost faoi dheireadh na bliana, is é sin le rá gur éirigh le 98% de na comórtais.

Ba chóir a thabhairt ar aird, mar ab amhlaidh le blianta roimhe seo, gur tharla an ghníomhaíocht earcaíochta sin i gcomhthéacs (a) gach ceadú a bheith measta i gcomhthéacs na bhforálacha ginearálta den Chreat Rialaithe Fostaíochta (ECF) i dtaobh poist atá riachtanach, agus (b) gur bhain an Ollscoil amach na laghdúithe a theastaigh ón ECF i gcroí-leibhéal foirne de 1,667 post lán-aimseartha combhionanna faoi mhí na Nollag 2013, laghdú breise de 43.2 FTE ar sprioc 2012.

Cuireadh forálacha Chomhaontú Bhóthar Haddington ar choigeartuithe ar thuarastal, ar dhul chun cinn incriminteach, asbhaint maidir le pinsin, rátaí ragoibre, íocaíochtaí scrúdaithe agus uaireanta oibre breise i bhfeidhm sa tréimhse seo.

### 6.2 Ceapacháin Ollúna

Ba bhliain ghnóthach í 2013/2014 don fhoireann earcaíochta Ollúnachta. Thosaigh an tOllamh nua Socheolaíochta ina phost i nDámh na nEalaíona, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta ag tús na bliana acadúla. D'éirigh leis an Dámh freisin in earcú trí phost eile (Ollamh Regius sa Dlí, Ollamh i Staidéir Ghnó, agus Ollamh sa Cheol), na baill foirne nua le dul i mbun a bpost sa bhliain acadúil 2014/2015.

Thosaigh triúr Ollúna nua ina bpost i nDámh na nEolaíochtaí Sláinte in 2013/14: Ollamh le Néareolaíocht (Cathaoir Phearsanta), Ollamh le Péidiatraic, agus Ollamh nuabhunaithe in Ortaipéidic agus Míochaine Spóirt (Clinic Máinliachta Spóirt, Baile Átha Cliath). Cuireadh tús le trí chomórtas sa Dámh, ceann ar éirigh leis agus a thosaigh in 2014/15, ceann atá á phlé leis an iarrthóir rathúil, agus ceann nár éirigh leis ag an gcéim ghearrliosta.

D'éirigh le Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí trí phost a earcú: beirt Ollamh sa Ríomhaireacht agus Ollamh i gCeimic Neamhorgánach, na daoine a ceapadh ag tosú sa bhliain acadúil 2014/2015. Tá an ceathrú post (Stiúrthóir AMBER) sa bpróiseas earcaíochta.

### 6.3 Poist Riaracháin Shinsearacha

In 2013/14 tugadh sé cheapachán chun críche go rathúil agus thosaigh ina bpost i rith na tréimhse seo agus áiríodh orthu sin Stiúrthóir Feidhmiúcháin CRANN / AMBER, Leabharlannaí agus Cartlannaí an Choláiste, Leas-Phríomhoifigeach Airgeadais, Stiúrthóir Riosca agus Pleanála Airgeadais, Stiúrthóir Tráchtála agus Stiúrthóir Bithacmhainní. Thacaigh Comhpháirtithe Cuardaigh Feidhmiúcháin le cúig cinn de na sé chomórtas earcaíochta.

## 7. Tionscnaimh Ollscoile agus Príomhimeachtaí

Bhí roinnt tionscnamh nua agus príomhimeachtaí i gColáiste na Tríonóide i rith na bliana acadúla 2013/14.

D'fhreastail breis agus 100 de na alumni is rathúla ón Ollscoil ar Fhóram Céimithe Domhanda Choláiste na Tríonóide i Samhain 2013 ag imeacht ar leith a bhí dírithe ar a dtuairimí a fháil faoi fhorbairt Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Bhí an fóram dhá lá seo ar an gcéad uair ar thug ollscoil ar bith cuireadh ar ais dá gcéimithe domhanda chun pleananna a cheapadh le déileáil le cuid de na mórdhúshláin atá roimh an ardoideachas nua-aimseartha, lena n-áirítear maoiniú, cáil, fás, teicneolaíocht agus oideachas. Tháinig na céimithe ó 16 thír ag déanamh ionadaíochta thar ceann 19 gairm.

Chuir Coláiste na Tríonóide fáilte roimh Sheansailéir na Gearmáine, Angela Merkel i Márta 2014 ag comh-imeacht a d'eagraigh an Propast agus an Cumann Fealsúnachta (*The Phil*), an cumann díospóireachta mac léinn is sine i gColáiste na Tríonóide. Tháinig an Taoiseach, Enda Kenny, in éineacht leis an Seansailéir ar a cuairt áit ar labhair sí le breis agus 190 mac léinn de chuid Choláiste na Tríonóide ar an ábhar 'an Eoraip i nDomhan Domhandaithe'.

Thug a Mórdhacht Ríoga an Banphrionsa Maha Chakri Sirindhorn ón Téalainn cuairt ar an Ollscoil i Meán Fómhair 2014. Taispeánadh speiceas planda nua don Bhanphrionsa a d'aimsigh luibheolaíthe ó Choláiste na Tríonóide sa Téalainn atá ainmnithe ina honóir agus d'oscail sí an gairdín i gcearnóg atá nuafhorbartha lámh leis an Roinn Luibheolaíochta go hoifigiúil. Chuir sí planda dúchasach ón Téalainn ansin a cuireadh go speisialta don ócáid - *Rhododendron arboretum*. Thug an Banphrionsa cuairt freisin ar an Sean-Leabharlann áit ar bhreathnaigh sí ar Leabhar Ceanannais.

Tháinig an Propast i bpáirt le naoi n-uachtarán déag eile institiúidí ardoideachais d'imeacht ar díol suntais é chun cairt náisiúnta a shíneadh, 'Cairt Rannpháirtíochta Campais ar Rannpháirtíocht Phobail agus Sibhialta' 10 bpointe chun béim a chur ar a dtiomantas do ról rannpháirtíochta pobail agus sibhialta a n-institiúidí, i Meitheamh 2014.

D'fhreastail breis agus 6,000 duine ar Sheó Bóthair na Chéad Chogadh Domhanda i mí Iúil, a thionóil Coláiste na Tríonóide i gcomhpháirt le RTÉ Radio 1 agus le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, mar chuid de Dheich mBliana na gCuimhneachán. Thug an 'Lá Bailiúchán Staire Teaghlaigh d'Earraí Cuimhneacháin ón gcéad Chogadh Domhanda' cuireadh don phobal earraí teaghlaigh, litreacha agus cuimhneacháin bainteach leis an gcogadh a thabhairt isteach le go ndéanfadh foireann saineolaithe digitiú agus cartlannú orthu. Ar ghníomhaíochtaí eile áiríodh sraith de chainteanna agus de léachtaí, turais staire ar an gcampas bainteach leis an gCogadh Mór agus 'Cluiche Cruicéid Deireanach na Síochána'. Tugadh an lá chun críche leis an aitheasc deiridh á sheachadadh ag an bPropast agus ag Ard-Stiúrthóir RTÉ, Noel Curran, agus glaoch bhuabhaill deiridh den 'Ghairm Dheiridh' á seinm ag bannadóirí ó Scoil Cheoil an Airm i Séipéal Choláiste na Tríonóide.



Discover Research Dublin ag léiriú domhan fíor-spéisiúil an taighde

Thairg Coláiste na Tríonóide agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn deis uathúil don phobal aithne phearsanta a chur ar dhomhan an taighde ag *Discover Research Dublin* i Meán Fómhair 2014. Thug breis agus 50 imeacht idirghníomhach agus léirithe, saor in aisce, taispeántas ar céard a dhéanann taighdeoirí i ndáiríre agus cén fáth go bhfuil tábhacht leis an taighde. Bhí rud éigin i *Discover Research Dublin* don uile dhuine – ceisteanna praiticiúla agus teibí á n-iniúchadh trí fhormáidí traidisiúnta agus digiteacha éagsúla, suiteálacha idirghníomhacha, aipeanna, na meán shóisialta, díospóireachtaí, cartlann dhigiteach, turais, cuir i láthair, agus grianghrafadóireacht. D’fhiosraigh rannpháirtithe léirshamhlú 3D ar an inchinn, chuala siad conas a dheisimid croíthe briste, agus ghlacadar páirt i ndúshlán LEGO chun fréamhshamhail theibí a thógáil faoi bhrú ama. Taispeánadh taighde sna hEalaíona agus sna Daonnachtaí trí dhísreid a raibh braonta báistí agus ceoltóirí páirteach iontu, caithréimeacha aistriúcháin liteartha, taibhithe trialacha ag freagairt don Howl le Allen Ginsberg, agus ceardlanna a d’fhiosraigh an idirghníomhaíocht idir téacs agus comhthéacs, ó Papyri go Yeats.

D’oscail an Ollscoil a doirse arís don phobal d’imeachtaí na hOíche Cultúir agus Teach Oscailte Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis seo chuir an Roinn Tíreolaíochta i Scoil na nEolaíochtaí Nádúrtha clár lán le chéile d’imeachtaí don Seachtain Spáis Dhomhanda. Ar na buaicphointí áiríodh ceardlann déanta cóiméid, ionsamhluithe eitleir 3D os cionn Mars agus bhuaileadar le heolaí spáis de chuid NASA.

Lonraíodh éadan tosaigh Choláiste na Tríonóide le soilsiúcháin bheochana mar chuid d’Fhéile Oíche Chinn Bhliana Bhaile Átha Cliath agus mar chuid de shiamsaí La Fhéile Pádraig chomh maith.

Chuaigh Soapbox Science, imeacht cumarsáide eolaíochta poiblí bliantúil, i bpáirt le hIonad Choláiste na Tríonóide do Mhná san Eolaíocht & Taighde Innealtóireachta (WiSER) agus le Ciste Comhionannais na Tríonóide chun aon duine dhéag d’eolaithe ceannródaíochas ban na hÉireann ar a n-ardáin chainte go dtí an Chearnóg Tosaigh in Aibreán le ‘léirithe’ fuinniúla 15 nóiméad a dhéanamh faoin eolaíocht agus faoina dtaighde féin. Aistríonn an tionscnamh seo, a réachtáiltear mórthimpeall ar an RA agus ar Éirinn, spáis

phoiblí ina láithreacha don fhoghlaim agus do phlé eolaíoch le fócas ar leith ar phróifíl na mban san eolaíocht a ardú.

Chruthaigh eolaithe in AMBER, ionad eolaíochta ábhar náisiúnta na hÉireann atá bunaithe i gColáiste na Tríonóide, an seamróg is lú ar domhan nuair a d’eitseáil siad seamróg ar nanaimhéid le gas c. 200,000 uair níos lú ná gráinne salainn do cheiliúradh Lá Fhéile Pádraig. Eitseáladh an tseamróg, a bhféadfadh 500 díobh suí taobh le taobh ar ribe gruaige daonna amháin, ar bhiorán lipéid airgid de chuid Choláiste na Tríonóide a bronnadh ar an té a bhain Bonn Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig SFI i Washington DC.



Taighdeoirí an tionscadail DART of Physics, an Dr Shane Bergin, an Dr Jessamyn Fairfield, Aoibhinn Ní Shúilleabháin, agus an tOllamh Professor Colette Murphy

D’oscail an Propast Leabharlann Freyne go hoifigiúil, leabharlann a bhronn clann Sheán Freyne (1935-2013), Ollamh sa Diagacht bunaidh i Scoil Léann na hEabhraise, an Bhíobla agus na Diagachta. Is leabharlann speisialaithe uathúil é de léann an bhíobla, na seandálaíochta agus na soch-staire ar an domhan Gréigeach-Rómhánach, ar Heilléanachas Iúdach agus ar an Neasoirthear Rómhánach. Tugann an bailiúchán 3,000 leabhar iliomad bealach isteach go dtí an réigiún a bhfuil cáil idirnáisiúnta an Ollamh Freyne ceangailte leis: an Ghailíl mar chomhthéacs do mhinistreacht Íosa agus do theacht chun cinn ghluaiseachta luath-Íosa.

I bhfómhar na bliana 2013, cuireadh 12 íomhá agus ráiteas faoin bhfisic i láthair comaitéirí a raibh ábhar machnaimh iontu ar thraenacha agus i stáisiúin Dart. Taighdeoirí sna Scoileanna Oideachais agus Fisice agus i gCRANN, ionad na Tríonóide don nanaiteicneolaíocht a dhear *DART of Physics*. Ina theannta sin, rinne mic léinn Choláiste na Tríonóide sraith de léirithe fisice nóiméad nó dhó a mheallfadh an tsúil ag stáisiún Shráid an Phiarsaigh. Bhain an láithreán gréasán cuimsitheach a thacaigh leis an bhfeachtas duais i nGradaim Realex Fire Web.

Chuaigh Leabharlann Choláiste na Tríonóide i bpáirt le Ard-Mhúsaem na hÉireann le comóradh 1000 bliain Chath Chluain Tarbh a cheiliúradh le dhá thaispeántas. Tá cath Chluain Tarbh ar an gcath is fearr a bhfuil aithne air i stair na hÉireann, ach é ar cheann de na cinn is lú a thuigtear. Chuir an taispeántas i Leabharlann Choláiste na Tríonóide dar teideal 'Emperor of the Irish': *Brian Boru and the Battle of Clontarf, 1014*, an Brian stairiúil ina chomhthéacs ceart agus aird á tharraingt ar fhorbairt a hinscéil.

Chuir Coláiste na Tríonóide agus Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann (RIAM), Coláiste Comhlach de chuid na hOllscoile, sraith nua i láthair, sraith RIAM Alumni Signature in 2014 inar cuireadh tallann cuid de na alumni is suntasaí an RIAM ar taispeánt i rith ceithre cheolchoirm.

D'fhógair Coláiste na Tríonóide mórshaothar faighte de Pháipéir Samuel Beckett nuair a fuair an Leabharlann lámhscríbhinní agus leabharlann oibre an scoláire aitheanta ar Beckett, Stanley E. Gontarski. Is é an tOllamh Gontarski Ollamh Dearsca na Robert O. Lawton an Bhéarla ag Ollscoil Stáit Florida, agus bronnadh Ollúnachtaí Fullbright air faoi dhó. Bhí sé ar dhuine de na páirtithe amharclainne a raibh dlúthchairdeas aige le Samuel Beckett agus d'fhéadfaí a rá go bhfuil sé ar an scoláire Beckett is mó atá beo. Áirítear sa saothar nua atá faighte roinnt dréachtaí d'obair Beckett Ohio Impromptu. Chuaigh Samuel Beckett isteach i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i 1923 áit ar dhírigh sé ar an bhFraincis agus ar an Iodáilis.

Lean an Straitéis Chaidreamh Dhomhanda uirthi, a seoladh i Mean Fómhair 2012, agus dul chun cinn á dhéanamh aici. Bhí méadú de 19% ar líon na mac léinn neamh-AE, ardú ó 1,224 in 2011/12 go 1,465 in 2013/14. Sa bhliain atá caite chonacthas aitheantas méadaithe ar Choláiste na Tríonóide i bpríomhréigiúin agus i dtíortha mórtimpeall an domhain, forbairt leantach comhoibríthe taighde agus teagaisc ar fud an domhain, cothú tuilleadh líonra alumni domhanda Choláiste na Tríonóide agus comhtháthú taithí idirnáisiúnta don phobal uile Ollscoile. I Meitheamh 2014, chuaigh an tOllamh Juliette Hussey i gcomharbacht ar an Ollamh Jane Ohlmeyer mar Leas-Uachtarán ar Chaidreamh Domhanda.

Ó Mheán Fómhair 2013 síníodh meamraim tuisceana le hollscoileanna ceannródaíocha thar roinnt réigiún lena n-áirítear an Astráil, an Bhrasaíl, an tSín, an India, an Chasacstáin, an Mhalaeisia, Meicsiceo, Srí Lanca, an Turcaí agus an Téaváin. Tá sé d'aidhm ag na comhaontaithe seo comhpháirtíochtaí acadúla a chur chun cinn i réimsí éagsúla agus comhoibríochtaí reatha a fhorbairt tuilleadh idir Coláiste na Tríonóide agus institiúidí comhpháirtíochta.

D'eagraigh an Oifig Caidreamh Domhanda roinnt imeachtaí campais idirnáisiúnta ag obair le cumainn mac léinn chun ilchultúrthacht a spreagadh agus a chuimsiú. Áiríodh orthu seo féilte Indiacha Holi agus Diwali, Bliain Úr na Síne, agus an fhéile de chuid Meiriceá Thuaidh, Thanksgiving.

Reáchtáil Coláiste na Tríonóide a chéad 'Laethanta Oscailte Campais' riamh sna Stáit Aontaithe i Rye, Nua-Eabhrac agus North Bethesda, Maryland inar fháiltigh an fhoireann agus mic léinn roimh mhic léinn ionchasacha, a dteaghligh agus treoirchomhairleoirí chun taithí a fháil ar Choláiste na Tríonóide gan na SA a fhágáil. In 2014 chuir Scoil an Altranais agus an Chnámhseachais tús lena scoil shamhraidh idirnáisiúnta coicíse. Thaistil mic léinn altranais go dtí Coláiste na Tríonóide ó Ollscoileanna Pennsylvania, Iowa, agus Indiana mar aon le baill daimhe agus mic léinn ó Ollscoil North Eastern chun foghlaim faoi altranais, cnámhseachas agus saincheisteanna sláinte domhanda.

## 8. Clár Forbartha Caipitil

### 8.1 Tionscadail Curtha i gCrích

#### Clárlann Acadúil

Cheadaigh aistriú Bithcheimice agus Imdhíoneolaíochta chuig Institiúid Eolaíochtaí Bithleighis Choláiste na Tríonóide (TBSI), d'athchóiriú iar-Fhoirgnimh na Biteicneolaíochta, a ath-ainmníodh mar Fhoirgneamh Watts. Cuireann an foirgneamh, a críochnaíodh in 2013, cóiríocht saindeartha ar fáil anois do na codanna den Fhiseolaíocht agus den Anatamaíocht nach gcoinnítear sa TBSI. Ar chomhchodanna eile an tionscadail tá an Seomra Domhanda agus an Chlárlann Acadúil nua - aon suíomh amháin do raon leathan seirbhísí acadúla lena n-áirítear Iontrálacha, Iontrálacha Idirnáisiúnta/Staidéar Thar Lear, Staidéir Iarchéime, Taifid na Mac Léinn agus na gCéimithe, agus Socrú Amchláir agus Scrúduithe. Éascaíonn an Chlárlann nua seirbhís chaoithiúil, lánpháirtithe do na mic léinn. Tá cóiríocht ar an urlár uachtarach sa bhfoirgneamh do Scoil na hInnealtóireachta agus do Roinn na Luibheolaíochta.

#### Scoil Éacúiméinice na hÉireann agus Institiúid Loyola (athchóiriú ar Fhoirgneamh na Fiseolaíochta)

D'oscail an tAire Oideachais agus Scileanna an láthair nua do Scoil Éacúiméinice na hÉireann agus Institiúid Loyola i Márta 2014. Thug aistriú Disciplín na Fiseolaíochta chuig cóiríocht nua saintógtha, deis iar-Fhoirgneamh na Fiseolaíochta a athchóiriú. Ar an tslí sin, éascaíodh do Scoil Éacúiméinice na hÉireann bogadh ó láthair eis-champais i mBaile an Mhuilinn go dtí príomh-champas Choláiste na Tríonóide, chomh maith le spás a chur ar fáil d'Institiúid Loyola, comhthionscnamh idir an Coláiste agus Pobal na nÍoslánach in Éirinn.

Déanann Scoil Éacúiméinice na hÉireann teagasc agus taighde ar na cúiseanna a bhaineann le deighilt reiligiúnach, pholaitiúil agus chultúir i sochaithe an duine, agus ar réitigh ar an deighilt sin. In éineacht léi san fhoirgneamh nua tá Institiúid Loyola, a dhéanann teagasc agus taighde ar dhiagacht sa traidisiún Caitliceach. Tá an péire acu mar chuid de Scoil Chónasctha na Reiligiún, Léann na Síochána agus na Diagachta, a mheallann mic léinn as Éirinn agus ó ar fud na cruinne, as raon leathan cúlúir agus sainchreidimh, agus a chuireann timpeallacht foghlama ilchultúrtha ar fáil.

#### An tIonad Sonraí Glasa

Cuireadh spás in Áras an Phiarsaigh ar fáil agus athraíodh é chun Ionad Sonraí Glasa a chur ar fáil don Ollscoil. Tugadh an Conradh tógála chun críche go luath in 2013 ar chostas €2 mhilliún. Tá an tIonad Sonraí ar cheann de na hionaid is glaise sa chatagóir sin agus bhain sé duais 'Ionad Sonraí na Bliana' ag Gradaim Shármhaitheasa Teicnice Náisiúnta 2014. I rith 2013, bogadh go leor córais chuig an tIonad Sonraí nua, ina measc an t-infrastruchtúr agus na córais a thacaíonn leis an gCóras Faisnéise nua do Mhic Léinn (Genesis) agus leis an gCóras Faisnéise Airgeadais nua. Tá an grúpa IT Glas ag fiosrú bealaí chun costais a laghdú trí sheirbhísí agus córais IT a chomhdhlúthú san Ionad Sonraí nua agus ag féachaint ar réitigh IT inbhuanaithe don todhchaí.



Seomra Domhanda Choláiste na Tríonóide i bhfoirgneamh Watts

## 8.2 Tionscadail Tógála

### *Mol Gnó agus Nuálaíochta Choláiste na Tríonóide*

Ta foireann dearaidh ceaptha agus tá tús curtha leis an obair ar thionscadal €70 milliún chun Scoil Ghnó mhéadaithe nua a chur ar fáil, chomh maith le Mol Taighde agus Nuálaíochta agus cóiríocht do Sheirbhísí Corparáideacha ar láthair Halla Luce (an t-iar-Ionad Spóirt). San áireamh sa tionscadal, a chlúdaíonn 13,000 m<sup>2</sup>, beidh halla éisteachta 600-suíochán, spásanna bialainne do 200 duine, spás poiblí áit ar féidir le mic léinn castáil lena chéile agus smaointe a mhalartú, seomraí ranga ‘cliste’ leis an teicneolaíocht dhigiteach is deireanaí, agus seomra comhdhála ar leibhéal dín. Cuireadh tús le hobair chumasaithe chun daoine agus feistis a aistriú as na foirgnimh ar an láthair sa dara leath de 2014. Faoi réir ag cead pleanála tá an phríomhbair thógála sceidealaithe le tosú in 2015 agus tá an tionscadal le tabhairt chun críche go luath in 2017.

### *E3 - Institiúid Comhshaoil, Fuinnimh agus Innealtóireachta Choláiste na Tríonóide*

Cuireadh spás ar fáil ar an taobh thoir den champas ó tugadh Institiúid Eolaíochtaí Bithleigheis Choláiste na Tríonóide chun críche chun tuilleadh forbairtí mórsála ansin a éascú. Tá an láthair seo ainmnithe sa Phlean Forbartha chun cóiríocht nua a chur ar fáil don Innealtóireacht agus do na hEolaíochtaí Nádúrtha. Ceapadh na hailtirí agus na bainisteoirí comhairleacha don tionscadal i ndiaidh próiseas soláthair de réir nósanna imeachta AE. Cuireadh an tionscadal ar sos ag deireadh 2011 agus tugadh faoi Athbhreithniú Acadúil ar na gníomhaíochtaí beartaithe. Go deireanach in 2013 bunaíodh coiste stiúrtha tionscadail idirthréimhseach le coimre a ullmhú, cás gnó agus straitéis tiomsaithe airgid don tionscadal.

### *Institiúid Sláinte an Daonra*

Cheadaigh Bord an Choláiste do thrí urlár i bhfoirgeamh críochnaithe i dTamhlacht, in aice an ospidéil, a cheannach chun thart ar 2,500 m<sup>2</sup> de chóiríocht a chur ar fáil d'Institiúid Sláinte an Daonra. Beidh oibreacha feistithe de dhíth, ar chostas de thuairim is €2.5 milliún. Faoi réir ag cead pleanála tá na hoibreacha le cur i gcrích i 2015.

### *Cóiríocht Chónaithe*

#### *An Chearnóg Nua Thoir*

Cuireadh tús leis an obair athchóirithe ar chóiríocht chónaithe i dTithe 38 agus 40 sa Chearnóg Nua, an chéim is deireanaí den chlár chun uasghrádú a dhéanamh ar Chóiríocht Chónaithe i Meitheamh 2013 agus tugadh chun críche é i Márta 2014 ar chostas €3.65 milliún.

#### *Áiteanna Cónaithe breise*

Is leibhéal íseal cóiríochta cónaithe a chuirtear ar fáil i gColáiste na Tríonóide de réir chaighdeáin idirnáisiúnta. Aithnítear sa Phlean Straitéiseach an gá leis an acmhainn chónaithe a mhéadú. Níor chuir próiseas chun forbróir a aithint a dhearfadh, a thógadh agus a mhaoineodh an chéad chéim de 1,000 áit ar láithreán nó láithreáin laistigh d'achar comaitéireachta gearr ón gColáiste, réiteach inghlactha ar fáil. Dá réir, táthar ag fiosrú raon roghanna eile a bhfuil mar aidhm leo méadú suntasach ar chóiríocht chónaithe a chur ar fáil chomh luath agus is féidir.

#### *Saoráidí do Spóirt Faoin Aer*

Cuireadh tús le athfhorbairt chéimnithe na saoráidí do spóirt faoin aer le hathdhromchlú Cúirteanna Leadóige Bhá na Luibheolaíochta agus athleagan na Páirce Rugbaí i bPáirc an Choláiste le dromchla nua gainimh-bhunaithe. Tháinig an pháirc nua in úsáid i nDeireadh Fómhair 2014 agus fágfaidh suiteáil tuilsoisithe in 2015 go mbeidh an tionscadal forbartha tugtha chun críche. Ar ghnéithe eile an tionscadail seo áireofar soláthar páirc hacaí nua agus saoráidí feabhsaithe uile aimsire ag ár bhfaiche spóirt ar Ascaill Sheantraibh.



### 8.3 Caomhnú Fuinnimh

In 2013/14 d'ídigh Coláiste na Tríonóide 36.8 milliún kWh leictreachais (laghdú 3.6% ar 2012/13) agus 42.5 milliún kWh de ghás nádúrtha agus d'ola (laghdú 15% ar 2012/13). D'éirigh go han-mhaith le hiarrachtaí chun an leictreachas a bhainistiú ar an bpríomhchampas lárchathrach agus thit ídiú leictreachais de 5.3%. Bhain an laghdú ar ídiú gáis agus ola le hilfachtóirí. Meaitseáladh innealra téimh go dtí éileamh ar théamh agus leasáiodh sceidil ama ar bhonn leanúnach chun freastal ar éilimh áitíochta. Bhí an bhliain acadúil 2013/14 níos teo ná an bhliain roimhe rud a thug deiseanna laghdaithe fuinnimh a ghiniúint.

I rith 2013/14 leanadh le hiarrachtaí chun monatóireacht a dhéanamh ar ídiú fuinnimh agus é a laghdú sa bhfoirgneamh eolaíochta agus taighde is mó, Institiúid na nEolaíochtaí Bithleighis de chuid Choláiste na Tríonóide (TBSI). Tá an tionscadal caomhnaithe fuinnimh seo tar éis comh-ídiú leictreachais agus gáis i TBSI a laghdú de 9.7% ón mbliain roimhe. Baineadh sin amach trí mhionathrú ar rialtáin téimh agus aeraithe agus úsáid an innealra Chumhachta agus Teasa in Éineacht (CHP) chun leictreachas a thugtar isteach a laghdú agus fuíollteas a aisghabháil leis an bhfoirgneamh a théamh.

Lean Coláiste na Tríonóide ar aghaidh ag obair leis an tionscadal fuinnimh idir-ollscoile, e3, a chuimsíonn Coláiste na Tríonóide, UCD, DIT agus DCU. Déanann an tionscadal monatóireacht ar ídiú fuinnimh do na foirgnimh níos mó san ollscoil agus díríonn ar laghdaithe fuinnimh trí oibríochtaí agus rialuithe a uasmhéadú. Cuirtear eolas a fhaightear ón obair i TBSI i bhfeidhm ar fhoirgnimh eolaíochta ardfhuinnimh eile i gColáiste na Tríonóide.

Tá an sprioc reatha ó thaobh caomhnú fuinnimh nasctha go díreach leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta reatha um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2 (NEEAP 2). Tá an clár náisiúnta don earnáil phoiblí le laghdú 33% ar ídiú fuinnimh príomhúil a bhaint amach faoi dheireadh na bliana 2020, arna thomhas in aghaidh bonnbhliana. Fuinneamh príomhúil in aghaidh an achair chomhionann fuinnimh in aghaidh na bliana atá san Innéacs Feidhmíochta Fuinnimh (EnPI) a úsáideann an Coláiste. Dearbhaíonn an tuarascáil is déanaí gur tháinig laghdú (feabhsú) 15.2% ar an déine fuinnimh, mar a

thomhaiseann an EnPI é, ón mbliain tagarmhairc. An cuspóir atá ann ná leanúint le feabhas tuairim is 3% a chur ar an EnPI gach bliain chun an sprioc de 33% a bhaint amach faoin mbliain 2020.

Tugadh roinnt tionscadal athchóirithe chun críche i rith na bliana lena n-áirítear mórghnéithe dearaidh chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú. Rinneadh uasghrádú fairsing ar chóiríocht chónaithe i dTithe 38 agus 40, ar shoilse, insliú agus suiteálacha téimh. Cuireadh córas uisce te gréine baile agus córas sábhála uisce báistí isteach sa bhfoirgneamh. Áiríodh ar thionscadail athchóirithe eile athsholáthar soilsithe, coirí ola a uasghrádú go gás nádúrtha, athsholáthar soilsithe i léachtanna, feabhsú ar rialtáin téimh agus caidéalú atá tíosach ar fhuinneamh. Is deiseanna iontacha iad na hathchóirithe sin agus oibreacha eile ar scála níos lú chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh fhoirmiúl Choláiste na Tríonóide.

€6.6 milliún (€7.3 milliún do 2012/13) a bhí sa ghlanachteachtas don bhliain 2013/14 maidir le costas fónas. Baineadh coigilteas amach de bharr ídithe fuinnimh laghdaithe agus laghdú ar roinnt eilimintí de struchtúir taraife. Fuarthas an soláthar leictreachais agus gáis go léir via na creataí náisiúnta arna socrú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP). Baineann an tionscadal seo úsáid as an gcomhchumhacht sholáthair níos mó a bhíonn ag comhlachtaí comhchosúla san earnáil ollscoile chun an praghas is iomaíoch sa mhargadh a fháil d'aonad fuinnimh.

## 9. Tiomsú Airgid

Is gá maoiniú suntasach má tá an Coláiste chun a sheasamh a dhearbhu mar cheann de na hollscoileanna is fearr ar domhan. Anois níos mó ná riamh, tá sé soiléir, má theastaíonn ón gColáiste ionadaíocht dhomhanda a dhéanamh thar ceann na hÉireann, nach féidir linn brath ar mhaoiniú Stáit amháin – tá aimsiú tacaíochta príobháidí níos riachtanaí ná riamh do thodhchaí Choláiste na Tríonóide.

Chuiqe seo, tiomsaíonn Fondúireacht Choláiste na Tríonóide airgead ó alumni agus ó chairde an Choláiste. Sa tréimhse 1 Deireadh Fómhair 2013 go 30 Meán Fómhair 2014, fuarthas breis is €15 milliún i ndeontais phríobháideacha (€18 milliún in 2012/13) ó 2,579 deontóir. Féadtair tairbhí na tacaíochta príobháidí seo a fheiceáil ar fud na hOllscoile.



Gailearaí Eolaíochta Bhaile Átha Cliath

Dáileadh gealltanais agus bronntanais a fuair Coláiste na Tríonóide sa bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2014 i gcúig phríomhchatagóir: caipiteal - €5.6 milliún; taighde - €3.1 milliún; mic léinn agus scoláireachtaí - €2.8 milliún; taithí mac léinn agus for-rochtain - €2 milliún; agus poist - €1.6 milliún. Tá buíochas le gabháil leis na deontóirí go léir a thug cúnaimh tríd an Achainí Bhliantúil, trí oidhreacht a fhágáil chun tacaíocht dhíreach a chur ar fáil do cheann de chuspóirí straitéiseacha Choláiste na Tríonóide lena n-áirítear:

- Aosú
- Ailse
- Néareolaíocht
- E3, Institiúid Comhshaoil, Fuinnimh agus Innealtóireachta Choláiste na Tríonóide, tionscnamh ollmhór nua idir Innealtóireacht agus na hEolaíochtaí Nádurtha
- Athchóiriú ar an Leabharlann agus saoraidí taighde Daonnachtaí a fhorbairt
- Campas Nuálaíochta a thógáil – ina ionchorprófar Scoil Ghnó Nua
- Gailearaí Eolaíochta

In 2013/14, thug 873 deontóir bronntanas den chéad uair, méadú de 5% ón mbliain roimhe, rinne deontóirí ionadaíocht ar 44 thír, agus d'fháiltigh Coláiste na Tríonóide roimh sé 'Bronntóir trí na Céadta Bliain' nua: deontóirí atá tar éis breis agus €1,000,000 a thabhairt don Ollscoil.

An obair iontach a dhéanann roinnt mhaith grúpaí d'oibrithe deonacha a thacaíonn le Coláiste na Tríonóide is cúis le go n-éiríonn le hiarrachtaí tiomsaithe airgid an Choláiste, lena n-áirítear Cumann agus Iontaobhas Choláiste na Tríonóide, Bord Comhairleach na Scoile Gnó, Bord Comhairleach na Scoile Innealtóireachta, Bord Comhairleach Seachtrach Mhol Sheomra Fada Choláiste na Tríonóide, Alumni Gnó Choláiste na Tríonóide, Bord Rialaithe na Dánlainne Eolaíochta, Bord Comhairleach na gClasaicí, Coiste Bainistíochta na hInstitiúide Náisiúnta um Míchumas Intleachta, Bord Comhairleach Thionscnamh na hÁise Theas, Ciste SAM agus Iontaobhas RA. Tugann na hoibrithe deonacha seo a gcuid ama, a n-ionchur straitéiseach agus tacaíocht shuntasach airgeadais a bhfuil an Coláiste thar a bheith buíoch as. Ní mór Bord Fhondúireacht Choláiste na Tríonóide a lua go speisialta, a bhfuil ról lárnach aige i gcomhordú straitéise daonchairdiúla an Choláiste.



## 10. Staid Airgeadais

Thuirisc na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite don bhliain dar críoch 30 Meán Fómhair 2014, a cheadaigh an Bord ar 24 Meitheamh 2015, easnamh pleanáilte €21.8m (2012/13: easnamh €22.5m) don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2014. Féach thíos ar bhriseadh síos na bpríomhchatagóirí ioncaim agus caiteachais don bhliain dar chríoch 30 Meán Fómhair 2014 agus do na blianta roimhe mar chomparáid.

Ioncam & Caiteachas Comhdhlúite	2013/14	2012/13
<b>Ioncam Comhdhlúite</b>	<b>€326.1m</b>	<b>€318.4m</b>
Deontas Stáit	€47.2m	€54.4m
Táillí Acadúla	€122.1m	€116.1m
Deontais Taighde	€78.0m	€74.6m
Ioncam eile	€78.8m	€73.3m
<b>Caiteachas Comhdhlúite</b>	<b>€347.9m</b>	<b>€340.9m</b>
Costais Foirne	€225.7m	€221.7m
Costais Eile	€122.2m	€119.2m
<b>Easnamh Comhdhlúite</b>	<b>(€21.8m)</b>	<b>(€22.5m)</b>

Tá Clár Comhardaithe láidir ag an Ollscoil le glan-sócmhainní sa bhreis ar €900 milliún, infheistíocht chaipitil shuntasach déanta le blianta beaga anuas. Tá infheistíocht mhór déanta ag an Ollscoil i dtrasfhoirmiú TF agus i dtionscadail chaipitil lena n-áirítear an Córas Faisnéise Airgeadais nua ar fud an choláiste atá á neadú faoi láthair. Is foinse ioncaim shuntasach don Ollscoil i gcónaí é Ciste Dearlaice na Tríonóide, €7m do 2013/14 (2012/13: €6.5m). Mhéadaigh sócmhainní dearlaice 12.7% sa bhliain airgeadais seo agus b'ionann iad agus €165.1m amhail 30 Meán Fómhair 2014.

B'ionann leibhéal na gníomhaíochta taighde do 2013/14 a taifeadadh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite (tomhaiste ar bhonn gníomhaíochta caiteachais i rith na bliana agus ní ar ioncam a fuarthas) agus €78.0m (2012/13: €74.7m). B'ionann luach dámhachtainí nua a rinneadh sa bhliain agus €67m (2012/13: €127m), rud a thug luach iomlán na Punainne Taighde go €480m amhail an 30 Meán Fómhair 2014. Ciallaíonn rathúlacht Choláiste na Tríonóide le deireanaí i gClár Ionad Taighde SFI (tá trí Ionad á óstáil ag Coláiste na Tríonóide agus tá ról suntasach aige i dtrí cinn eile) chomh maith le tús láidir ag Horizon 2020 (tá Coláiste na Tríonóide tar éis naoi ngradam ERC a fháil go dtí seo) go bhfuil cúis le méid áirithe dóchais a bheith ann. Is iad na réamh-mheastacháin reatha go bhfanfaidh caiteachas taighde ag c.€80m thar na chéad 3-4 bliana eile. Tá an dearcadh dearfach seo ag brath ar Choláiste na Tríonóide ag freastal ar na spriocanna dúshlánacha a leag an Straitéis Éagsúlachta Taighde amach mar aon leis an leibhéal reatha sa Taighde ar a laghad á choinneáil ag an Státchiste.



Bhí roinnt dúshlán roimh an Ollscoil agus tá fós, go háirithe le blianta beaga anuas mar gheall ar chúinsí eacnamaíocha deacra in Éirinn agus an meath leanúnach ar mhaoiniú Stáit don ardoideachas. Caithfear aghaidh a thabhairt go cuimsitheach go fóill ar mhaoiniú ardoideachais ar bhonn inbhuanaithe, cé go bhfuil an Roinn Oideachais agus Scileanna le tuairisc a thabhairt ar mhaoiniú inbhuanaithe fadtéarmach d'ollscoileanna na hÉireann faoi dheireadh 2015. Ó 2008 laghdaigh an croídheontas atréimhseach d'ollscoileanna de bhreis agus 50%. Tá an éifeacht atá ag an laghdú sin fritháirithe i bpáirt ag ardú ar tháille ranníocaíochta mac léinn agus ag laghdú ar rátaí pá de thoradh comhaontaithe Bhóthar Haddington agus Pháirc an Chrócaigh.

Leanann an Ollscoil uirthi ag díriú ar phríomhréimsí giniúna ioncaim neamh-Státchiste; mic léinn idirnáisiúnta, foghlaim ar líne, tráchtálú, éagsúlú taighde, rannpháirtíocht tionscail agus daonchairdeas chun srutha ioncaim Choláiste na Tríonóide a fhás agus a éagsúlú. Chun aghaidh a thabhairt ar an dibhéirseacht idir rolluithe atá ag dul i méid agus an titim ar mhaoiniú Rialtais san earnáil tá an Ollscoil tar éis díriú ar chóimheas ioncaim Státchiste/neamh-Státchiste de 40:60 faoi 2018/2019. B'ionann agus 50% an céatadán den ioncam iomlán a bhain le foinsí neamh-Státchiste in

2013/14 (2012/13: 47%).

Fiú sa timpeallacht dhúshlánach seo tá Coláiste na Tríonóide tar éis a ioncam a bhainistiú go maith agus trína bhonn costais a bhainistiú go gníomhach trí leithdháilte buiséid dreasaithe agus coigilteas bainte amach sa soláthar, léirigh sé go raibh teacht aniar ann i rith tréimhse na géarchéime eacnamaíochta ó 2008.

Tá buiséid oibríochtúla cothromaithe á bpleanáil ag an Ollscoil faoi láthair, ach le soláthar d'athnuachan sócmhainne agus infheistíocht i nginiúint ioncaim ceadaithe agus straitéisí laghdaithe costais, tuairisceoidh an Ollscoil easnaimh phleanáilte don 3-4 bliana atá le teacht. Tá plean soiléir ag an Ollscoil filleadh ar bharrachas in 2018/2019 agus straitéisí ann chun a sprioc de bharrachas 2%-3% a bhaint amach faoin am sin. Aithnítear go bhfuil cur ar fáil barrachas seasmhacha rithábhachtach chun tacú le cuspoirí straitéiseacha na hOllscoile agus chun a hinbhuanaitheacht airgeadais a chinntiú. Tá an Ollscoil tiomanta do dhíriú ar na príomhréimsí giniúna ioncaim agus bainistithe costais mar a bhfuil cur síos orthu thuas chun na huailmhianacha mar atá leagtha amach sa bPlean Straitéiseach 2014-2019 a bhaint amach.



## Aguisín I

### Freastal ar chruinnithe Boird 2013-14

B'ionann líon na gcruinnithe a tionóladh i rith na bliana agus 14 (lena n-áirítear comhchruinniú den Bhord agus de Chomhairle na hOllscoile ar 18 Meitheamh 2014.)

#### *Comhaltaí Ex-officio:*

An Propast (An Dr Patrick Prendergast) (14), an Leas-Phropast/Príomhoifigeach Acadúil (An tOllamh Linda Hogan) (13), Léachtóir Sinsearach/Déan an Léinn Fochéimithe (An tOllamh Patrick Geoghegan) (13), An Cláraitheoir (An tOllamh Shane Allwright) (14), An Sparánaí (An tOllamh Gerard Lacey) (13).

#### *Comhaltaí tofa:*

An tOllamh Sean Barrett (11), An tOllamh Mélanie Bourroche (11), An tUas. Frederick Cowzer (14), An tOllamh William Dowling (14), An tOllamh Eileen Drew (10), Sheila Dunphy Uasal (12), An tUasal Dermot Frost (12), An tUas. Gerrard Garrahan (13), An tOllamh Hugh Gibbons (13), An tOllamh Robert Gilligan (9), An tOllamh Nicola Marples (14), An tOllamh John McGilp (13), An tOllamh Cliona O'Farrelly (12), An tOllamh Desmond O'Neill (8), An tOllamh Micheál Ó Siochrú (12), An tOllamh Henry Rice (11).

#### *Comhaltaí seachtracha:*

An Dr Olive Braiden (9), An tUasal Jackie Gallagher (13).

#### *Comhaltaí mac léinn:*

An tUasal Tom Lenihan (13), An tUasal Stephen Garry (11), An tUasal Jack Leahy (12), An tUasal Ryan Kenny (14).

## Aguisín II

### Costais an Bhoird 2013-14

In 2013-14 íocadh an méid seo a leanas le comhaltaí an Bhoird (tosaíonn an bhliain airgeadais ar 1 Deireadh Fómhair):

An tOllamh Des O'Neill: €32.50



## Aguisín III

### CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS COMHDHLÚITE DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 30 MEÁN FÓMHAIR 2014

	2014	2013
	€'000	€'000
<b>Ioncam</b>		
Deontais Stáit	47,279	54,469
Táillí Acadúla	122,169	116,138
Deontais agus conarthaí taighde	78,004	74,670
Amúchadh ar dheontais chaipitil iarchurtha	11,599	13,245
Ioncam oibríochta eile	51,243	50,535
Ioncam úis	866	2,811
Ioncam/(costas) airgid eile	-	-
Ioncam dearlaice	7,022	6,529
Gnóthachtáil ar athluacháil maoine infheistíochta	7,881	-
<b>Ioncam Iomlán</b>	<u>326,063</u>	<u>318,397</u>
<b>Caiteachas</b>		
Caiteachais Foirne	225,756	221,756
Costais oibríochta eile	89,368	84,991
Ús iníoctha	4,217	4,171
Dímheas	28,554	27,307
Caillteanas ar athluacháil maoine infheistíochta	-	2,681
<b>Caiteachas Iomlán</b>	<u>347,895</u>	<u>340,906</u>
Easnamh don bhliain roimh cháin	(21,832)	(22,509)
Cáin	-	-
Easnamh don bhliain tar éis cánach	<u>(21,832)</u>	<u>(22,509)</u>
Lúide: Barrachas don bhliain aistrithe go ioncam carntha i gcistí dearlaice	<u>(1,588)</u>	<u>(1,865)</u>
Easnamh don bhliain coinnithe laistigh de chúlchiste ioncaim	<u>(23,420)</u>	<u>(24,374)</u>



## Aguisín IV

### CLÁIR CHOMHARDAITHE CHOMHDHLÚITE AGUS CHOLÁISTE Don Bhliain dar Críoch 30 Meán Fómhair 2014

	Comhdhlúite		Coláiste	
	2014 €'000	2013 €'000	2014 €'000	2013 €'000
<b>Sócmhainní Seasta</b>				
Sócmhainní inlámhsithe	761,668	765,807	761,620	765,727
Maoine infheistíochta	46,369	42,517	46,369	42,517
	808,037	808,324	807,989	808,244
<b>Sócmhainní dearlaice</b>	165,113	146,508	165,113	146,508
<b>Sócmhainní reatha</b>				
Féichiúnaithe	47,916	53,837	47,859	54,877
Stoic	320	468	320	468
Iarmhéideanna bainc agus airgid	21,677	44,736	10,383	35,903
Éarlaisí gearrthéarmacha	148,048	140,835	135,563	128,230
	217,961	239,876	194,125	219,478
<b>Creidiúnaithe:</b> méideanna le n-íoc laistigh de bhliain amháin	(147,528)	(144,443)	(135,900)	(137,274)
<b>Glan-sócmhainní reatha</b>	70,433	95,433	58,225	82,204
<b>Sócmhainní iomlána líuide dliteanais reatha</b>	1,043,583	1,050,265	1,031,327	1,036,956
<b>Creidiúnaithe:</b> méideanna le n-íoc tar éis níos mó ná bliain amháin	(134,280)	(134,132)	(134,280)	(134,132)
<b>Glan-sócmhainní seachas pinsean (dliteanas)/sócmhainn</b>	909,303	916,133	897,047	902,824
Dlíteanas Pinsin	(1,423,616)	(1,179,497)	(1,423,616)	(1,179,497)
Pinsean infhaighte	1,423,616	1,179,497	1,423,616	1,179,497
<b>Glan-Sócmhainní</b>	909,303	916,133	897,047	902,824



Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath  
Ollscoil Átha Cliath



[www.tcd.ie](http://www.tcd.ie)



Clár Cistí Struchtúracha AE na hÉireann 2007 - 2013

Arna chómhaoiniú ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach



CISTÍ STRUCHTÚRACHA  
AN AONTAIS EORPAIGH